

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2018



CLÁR NA NÁBHAR

Réamhrá an chathaoirligh	2
Réamhrá an POF	3
Bord SOLAS	4
Coistí Bhord SOLAS	7
Breisoideachas agus Oiliúint in 2018	9
Forléargas ar ghníomhaíochtaí	13
An Rannán Straitéise agus Eolais	13
An Rannán Forbartha Scileanna	14
An Rannán Acmhainní	23
Cumarsáid agus Rúnaíocht	25
Rialachas corparáideach	29
Ráitis airgeadais	38
Faisnéis bhreise	76

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH



Is mian liom an Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid SOLAS a chur faoi bhráid ag clúdú na tréimhse ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2018, don Aire Oideachais agus Scileanna i gcomhréir le Roinn 32(1) den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna, 2013.

Bhí SOLAS cúig bliana d'aois i nDeireadh Fómhair 2018. Tá athruithe ollmhóra tar éis tarlú ó 2013 ag SOLAS, san earnáil FET agus in eacnamaíocht na hÉireann. Tharla athrú ollmhór sa Bhreisoideachas agus Oiliúint le linn na tréimhse tuarascála seo agus agus tá mé an-bhródúil as an gcuidiú a thug SOLAS maidir leis an athrú dearfach seo a threorú. An rud is suntasaí nár gur athruigh an tsamhail mhaoniúcháin do

FET ó bhonn i 2018 le forbairt Comhaontaithe Feidhmiúcháin Straitéiseacha bunaithe ar fhianaise do gach Bord Oideachais agus Oiliúna aonaracha mar thoradh ar chomhráite le SOLAS, an Bord Oideachais agus Oiliúna agus saineolaithe neamhspleácha. Cuireann na comhaontaithe iachall ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna chomh maith cuidiú le cuspóirí náisiúnta. Gnéithe eile le linn an ama seo i 2018 ná éileamh méadaitheach le haghaidh printiseachtaí, foghlaim bunaithe ar obair, rannpháirtíocht den scoth le comhairleoirí gairmthreoir agus meon níos mó agus níos mó dearfaí faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint..

Bhí athrú mar ghné eile le linn an ama seo. Ceapadh Joe McHugh TD mar Aire Oideachais agus Scileanna; d'fhág ár POF Paul O'Toole SOLAS chun bheith mar POF ár eagraíochta ghaolmhar, an tÚdarás um Ard-Oideachas, le Conor Dunne, Stiúrthóir Feidhmeannaigh d'Acmhainní de chuid SOLAS ag líonadh an phoist fholaimh mar POF i gcáil ghníomhach. Lean an t-athrú seo ag leibhéal an Bhoird le Conor Dunne ceaptha mar bhall ex-officio agus tréimhsí oifige an Chathaoirligh roimhe sin, Pat Delaney agus trí bhall den Bhord, Berni Brady, Cathriona Hallahan agus William Egerton ag teacht chun críche. Thar cheann an bhoird, is mian liom aitheantas a

thabhairt don chuidiú ollmhór a thug Paul, Pat, Berni, Cathriona agus William maidir le SOLAS a bhunú agus a threorú le linn a céad cúig bliana.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire McHugh agus leis an Aire Stáit do Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht, John Halligan TD, agus oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna dá dtreoir agus tacaíocht le linn na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarachtaí Phríomhoifigigh Fheidmiúcháin SOLAS, Paul O'Toole agus Conor Dunne, foireann SOLAS, ETBI, na Boird Oideachais agus Oiliúna, gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí, agus ár bpáirtnéirí eile thar an earnáil FET, chun barr feabhais a bhaint amach sa FET agus chun go n-aithineofaí mar rogha oideachais é i measc fhoghlaimeoirí agus fostóirí.

Thar cheann Bord SOLAS, is mian liom ár dtiomantas a threisiú chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do SOLAS ina iarachtaí go léir. Creidim go bhfuil ár n-eispéireas roinnte agus spriocanna roinnte ag cuidiú le hearnáil FET a chruthú a shásaíonn foghlaimeoirí, fostóirí agus pobail.

Leanann an Board ag soláthar treoir straitéiseach do SOLAS trína maoirseacht de Phlean Seirbhíse an FET agus gníomhaíocht mhaoiniúcháin ghaolmhar, cur chun cinn na Straitéise FET 2014- 2019 agus cur i bhfeidhm Plean Corparáideach SOLAS 2017-2019. Ar son an Bhoird, táimid ag tnúth le tacaíocht agus treoir a thabhairt do SOLAS sna blianta atá amach romhainn.

Patricia Carey
Cathaoirleach Gníomhach

RÉAMHRÁ AN POF



Ag tráth ina bhfuil athrú ag teacht ar thridhreach eacnamaíoch na hÉireann, nuair atá níos mó daoine i mbun fostaíochta agus nuair atá gnóthaí ag dul i ngleic le dúshlán nua, ní mór anois níos mó ná riamh go mbeadh breisoideachas agus oiliúint sofhreagrach agus ábhartha.

I dteannta lenár gcomhpháirtithe sna Boird Oideachais agus Oiliúna agus bainisteoirí Scileanna Réigiúnacha, tá SOLAS tiomanta do leanúint le hearnáil FET a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais chohórt leathan agus éagsúil foghlaimeoirí agus gnóthaí. Oideachas agus oiliúint dóibh siúd atá i mbun uasoiliúna chun a bheith páirteach sa lucht oibre nó dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm reatha, ag dul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas, ag cur tús le printiseacht nó oiliúint, nó iad siúd ar mian leo a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Oideachas agus oiliúint a aithníonn riachtanais scileanna fostóirí agus gnóthaí agus a thacaíonn le forbairt a lucht oibre.

Tá SOLAS agus ETBanna ag leanúint ag obair i ndlúthchomhar lena chéile lena chinntiú go bhfuil an soláthar FET sofhreagrach don tirdhreach athraitheach scileanna, teicneolaíoch, sóisialta agus eacnamaíoch. Tá tréithe uathúla ag baint le gach réigiún ETB agus tá sé tábhachtach é seo a aithint agus freagairt go héifeachtach dó. Léirítear é seo i gComhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha forbartha ag SOLAS agus ag ETBanna aonair agus tágo leor samplaí spéisiúla agus nuálacha de dhea-chleachtas tugtha faoi deara. Leagtar amach go soiléirsna comhaontuithe treo soiléir le haghaidh fhorbairt ETB thar thréimhse trí bliana agus áirítear iontu obair atá beartaithe ag ETB a dhéanamh chun cur le spriocanna an chórais náisiúnta FET.

I mbliana seoladh *Skills to Advance*, creat beartais nua a d'fhorbair agus a sheol SOLAS i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara oideachais agus fiontraíochta. Cinntoidh

an creat seo go mbeidh tacaíocht spriocdhrithe ar fáil le haghaidh grúpaí leochaileacha i lucht oibre na hÉireann agus go mbeidh tacaíocht ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánméide (FBManna) a dteastaíonn cúnamh uathu chun infheistíocht a dhéanamh ina lucht oibre agus a lucht oibre a fhorbairt. Is ionann é seo agus tús le forbairt iontach nua sa soláthar breisoideachais agus oiliúna mar aon le naisc níos láidre a fhorbairt leis an earnáil fiontraíochta.

Foilsíodh Athbhreithniú Neamhspleách ar Dhul Chun Cinn Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-19 i mbliana. Tugadh faoi deara go raibh go leor forbairtí dearfacha ann maidir lena chinntiú go mbeidh córas níos straitéiseí agus níos comhtháite le tabhairt faoi deara san earnáil. Cabhróidh torthaí an athbhreithnithe leis an gcéad phlean straitéiseach cúig bliana eile FET a fhorbairt, plan a gcuirfear tús leis in 2020.

Táthar ag leanúint le scéim printiseachtaí agus oiliúna a fhorbairt ar bhonn náisiúnta, agus cuireadh 9 bprintiseacht nua i bhfeidhm in 2018, rud a chiallaíonn go raibh 19 bprintiseacht nua á gcur ar fáil faoi dheireadh 2018. Is ann dó seo taobh leis an 25 printiseacht cheirde atá ann cheana féin. Tá 50 clár oiliúna á gcur ar fáil ar fud na tíre i láthair na huaire. Táthar ag leanúint le printiseachtaí agus le cúrsaí oiliúna nua a fhorbairt i raon tionscal agus earnálacha mar fhreagairt ar na riachtanais scileanna atá aitheanta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann dhíograiseach in SOLAS, Bord SOLAS; an tAire Oideachais agus Scileanna, agus an tAire Stáit do Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht agus oifigigh sa Roinn Oideachais agus Scileanna; ETBI na ETBanna agus comhpháirtithe eile, agus is mian liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair luachmhar a rinne SOLAS i dtaca leis an dul chun cinn a rinneadh san earnáil FET. Táimid buíoch dár gcomhpháirtithe agus dár bpáirtithe leasmhara as tacú linn agus táimid ag súil le bheith ag obair lena chéile amach anseo chun eispéireas dearfach a chruthú d'fhoghlaimeoirí, gnóthaí agus pobail áitiúla FET.



Conor J Dunne
POF gníomhach, SOLAS

BORD SOLAS

An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna Bord SOLAS ar an 27 Deireadh Fómhair 2013. Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthbhall, lena n-áirítear POF – SOLAS (*ex-officio*).



Patrick Delaney, Cathaoirleach

Iar-Stiúrthóir Chónaidhm
Ghnólachtaí agus Fhostóirí na
hÉireann (Ibec)

Iar-Stiúrthóir, Comhlachas na
nGnólachtaí Beaga (SFA)



Bernadette Brady

Ionadaí na bhFoghlaimoirí Aosaigh
Iar-POF, AONTAS, an eagraíocht
náisiúnta don fhoghlaim aosach



William Egerton

Stiúrthóir Bainistíochta, Dromone
Engineering Limited



Patrick J Dwyer

Iar-Leas-Uachtarán Sinsearach,
Dell EMC EMEA



Darragh J Loftus

Bainisteoir Cuntas Teicneolaíocht
Chroiláir, Oracle EMEA Limited



Patricia Carey

Iar-Uachtarán, Coláiste Gnó
Skerry, Corcaigh



Cathriona Hallahan

Stiúrthóir Bainistíochta,
Microsoft Ireland



Seán Burke

Iar-Phríomhoifigeach
Feidhmiúcháin,
Bord Oideachais agus Oiliúna
Luimnigh agus an Chláir



Sinead McCluskey

Stiúrthóir, Nuálaíocht Tráchtála,
PEI Surgical



Cecilia Munro

Príomhoide, Institiúid
Bhreisoideachais Dhún Laoghaire




Paul O'Sullivan

Iar-Dhéan agus Stiúrthóir,
An Coláiste Gnó, Institiúid
Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath



Catrina Sheridan

Bunaitheoir agus POF, Nafasi.tech



Paul O'Toole (ex-officio)

POF, SOLAS, an tÚdarás
Breisoideachais agus Oiliúna
(go dtí an 26 Deireadh Fómhair
2018)



Conor J. Dunne (ex-officio)

POF gníomhach (ón 26 Deireadh
Fómhair 2018)

BORD SOLAS

Tréimhse clúdaithe – 12 mhí

Eanáir go dtí Nollaig 2018

Bord SOLAS

Reáchtáladh naoi gCruinniú Boird SOLAS sa tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018

	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Patrick Delaney – Cathaoirleach*	8/9
Bernadette Brady	5/9
Seán Burke	9/9
Patricia Carey	8/9
Patrick J Dwyer	9/9
William Egenton	6/9
Cathriona Hallahan	4/9
Darragh J Loftus	6/9
Sinead McCluskey	7/9
Cecilia Munro	8/9
Paul O'Sullivan	6/9
Paul O'Toole	8/9
Catrina Sheridan	8/9
Conor Dunne*	1/9

* Ní raibh Conor J Dunne i láthair ach do Chruinniú Boird amháin i 2018.

* Patrick Delaney, Bernadette Brady, William Egenton, Cathriona Hallahan agus Paul O'Toole incháilithe chun freastal ar ochtar de na naonúr gcruinnithe le linn na tréimhse.

Athruithe i rith 2018 – Iléna n-áirítear ceapacháin nua agus athcheapacháin

Patrick Delaney	Tháinig a théarma oifige (cúig bliana) mar Chathaoirleach an Bhoird chun críche ar an 26 Deireadh Fómhair, 2018.
Bernadette Brady	Tháinig a téarma oifige (cúig bliana) chun críche ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.
William Egenton	Tháinig a théarma oifige (cúig bliana) chun críche ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.
Cathriona Hallahan	Tháinig a téarma oifige (cúig bliana) chun críche ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.
Paul O'Toole	Tháinig a théarma oifige (cúig bliana) mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ball <i>ex-officio</i> de Bhord SOLAS chun críche ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.
Conor J Dunne	Ina cháil mar POF Gníomhach, ainmníodh Conor J Dunne mar bhall <i>ex-officio</i> de Bhord SOLAS ag tosú ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.

COISTÍ BHORD SOLAS 2018

Coiste um Iniúchadh agus Athbhreithniú Bainistíochta Riosca

Reáchtáladh ceithre chruinniú.

Cathriona Hallahan	Cathaoirleach & Ball de Bhord SOLAS
Seán Burke	Ball de Bhord SOLAS
Robert Chestnutt	Ceapaí seachtrach
Paul O'Sullivan	Ball de Bhord SOLAS

Coiste um Phleanáil Straitéiseach

Reáchtáladh trí chruinniú.

Cecilia Munro	Cathaoirleach & Ball de Bhord SOLAS
Bernadette Brady	Ball de Bhord SOLAS
Darragh J Loftus	Ball de Bhord SOLAS
Patrick J Dwyer	Ball de Bhord SOLAS
Sinead McCluskey	Ball de Bhord SOLAS

Coiste an Lucht Oibre agus na Forbartha Eagraíochtúla

Reáchtáladh trí chruinniú.

Patrick Delaney	Cathaoirleach & Ball de Bhord SOLAS
Patricia Carey	Ball de Bhord SOLAS
Catrina Sheridan	Ball de Bhord SOLAS

Bhí ball de Bhord SOLAS mar bhall agus Cathaoirleach den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Printiseacht le linn 2017 fresin. (Féach Aguisíní le haghaidh tuilleadh eolais).

Measúnú Neamhspleách

De réir alt 4.6 de Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, thug Bord SOLAS faoi athbhreithniú ar a fheidhmíocht ag deireadh 2017. Pléadh an t-athbhreithniú seo ag lá bliantúil straitéise agus pleanála an Bhoird in Eanáir, 2018.

SOLÁTHAR FET IN 2018

307,818

tairbhí

33

braisle scileanna

108,891

tairbhí lánaimseartha

198,927

tairbhí páirtaimseartha

232,038

iontrálaí nua

Curtha ar fáil ag

34

meánscoil agus
scoil phobail is
cuimsitheach

16

ETB

14

cuibhreannas
deontaschúnta

24

gníomhaireacht
agus comhlacht
Stáit

48,934

tairbhí oideachais
pobail

13,859

tairbhí eCollege *

*níl foghlaimoirí a íocann táillí san áireamh

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT IN 2018

Tá cúig bliana caite ó chuir SOLAS tús lena aistear chun earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (FET) den chéad scoth a fhorbairt in Éirinn. I rith an ama sin, tá neart athruithe tarlaithe agus dul chun cinn déanta sa tírdhreach FET.

Níorbh aon eisceacht é an bhliain seo caite i dtéarmaí gnóhachtálacha in earnáil FET, agus tugadh forbairtí suntasacha faoi deara ar fud an chórais, lena n-áirítear comhaontuithe feidhmíochta straitéiseacha a bhunú idir SOLAS agus ETBanna.

Laistigh de FET bíonn foghlaimeoirí i mbun uasoiliúna le haghaidh go leor cúiseanna éagsúla. Is mian le daoine áirithe tabhairt faoi fhostaíocht nó a ngairm reatha a fhorbairt agus is mian le daoine eile fós tabhairt faoi roghanna eile FET nó ardoideachais. Tá daoine ann atá ag cur tús le gairm nua trí chúrsa oiliúna nó printiseacht nó i mbun scileanna litearthachta a fhorbairt den chéad uair. Is é an éagsúlacht agus an rogha seo is cúis leis an oiread sin tóir a bheith ar FET.

Cuirtear cúrsaí FET ar fáil i mbreis is 33 braisle scileanna a thugann deis do rannpháirtithe rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint a oireann dá riachtanais aonair agus atá ábhartha do dheiseanna sa mhargadh fostaíochta réigiúnach.

Bhain breis is 300,000 tairbhí tairbhe as FET i rith 2018, léargas ann féin ar scála an tsoláthair idir leibhéil 1-6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Bhí thart ar €640m d'infheistíocht phoiblí trí SOLAS ag tacú leis seo, agus chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna €140m breise ar fáil go díreach do ETBanna chun tacú le soláthar PLC.

Feidhmíocht Córais

I ndiaidh dianphróiseas forbartha a mhair ocht mí, a raibh ionchur ó phainéal neamhspleách saineolaithe ann, bunaíodh comhaontuithe idir SOLAS agus gach ceann den 16 ETB.

D'eascair an t-uafás eolais ón obair seo agus thángthas ar chomhaontuithe maidir le ceistanna a bhain le beartas, straitéisí, spriocanna, agus forbairtí laistigh den mhargadh fostaíochta.

Is éard a d'eascair as clár leanúnach meastóireachta ina leagtar síos treo soiléir le haghaidh fhorbairt ETB thar thréimhse trí bliana.

Is féidir tuilleadh pleanáil a dhéanamh bunaithe ar an meastóireacht seo agus naisc a chruthú le leithdháiltí acmhainní de réir mar is gá.

I mbeagán focal, is iad seo na píosaí den mhíreanna mearaí a bhí ar lár sa chreat straitéiseach ilbhliantúil pleanála. Príomhghné de na comhaontuithe seo é rannpháirtíochtaí beartaithe ETB a bhunú a bhaineann le sé cinn de phríomhspriocanna náisiúnta an chórais FET. Áirítear ina measc seo: béim ar fhostaíocht; dul ar aghaidh chun tairbhe a bhaint as deiseanna oideachais agus oiliúna eile; tras-scileanna; foghlaim ar feadh an tsaoil; riachtanais scileanna na hÉireann a chomhlíonadh; agus tairbhe a bhaint as samhlacha nua oiliúna agus printiseachta.

Cuireann bunú comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta - ailíniú fás pearsanta agus eagraíochtúil - i rith 2018 ar ár gcumas forléargas ar thorthaí a fhorbairt bunaithe ar na sé príomhchuspóir laistigh de na comhaontuithe seo le ETBanna.



Áirítear ina measc:

1. **Poist:** Thacaíomar le 18,500 foghlaimeoir bogadh i dtreo na fostaíochta ó sholáthar a dhéanann freastal go príomha ar an margadh fostaíochta, méadú de bhreis is 2,000 ar na torthaí fostaíochta a baineadh amach in 2017.
2. **Dul chun cinn:** Thacaíomar le beagnach 20,000 foghlaimeoir chun leanúint le cúrsaí breisoideachais nó ardoideachais ó sholáthar. Pointe spéisiúil is ea, gur eol dúinn gur thug 5,300 céimí PLC aghaidh ar chúrsaí ardoideachais in Éirinn in 2017/18, agus chríochnaigh thart ar 17% cúrsaí den sórt sin, agus d'éirigh le 500 céimí cead iontrálaag céim chun cinn a fháil chuig institiúidí Ardoideachais. Níáirítear sna figiúirí seo cohórt suntasach céimithe PLC a lean ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh in ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe in 2017/18, ná an 300 céimí a lean ar aghaidh chun cúrsaí ardoideachais a dhéanamh i ndiaidh dóibh cúrsaí eile FET a dhéanamh.
3. **Tras-Scileanna:** Bhronnamar breis is 13,000 teastas mar aitheantas ar fhorbairt tras-scileanna foghlaimeoirí i réimsí cosúil le litearthacht, uimhearthacht, infhostaitheacht, TFC lárnach agus forbairt phearsanta. B'ionann é sin agus méadú 10% ar an ráta bronnata teastas i gcomparáid le 2017.
4. **Foghlaim ar feadh an tsaoil:** Thairgear mar breis is 5,000 áit bhreise d'aoisigh chun páirt a ghlacadh i gclár foghlaim ar feadh an tsaoil FET, agus seoladh an tionscnamh nua 'Skills to Advance' in 2018 chun uasoiliúint FET daoine sa lucht oibre a bhfuil a leibhéil scileanna faoi leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí acu a mhaoiniú.
5. **Riachtanais scileanna breithiúnacha:** Sholáthraíomar breis is 6,500 cáilíocht bhreise a bhain le riachtanais náisiúnta aitheanta scileanna.
6. **Tacú le samhlacha seachadta nua:** Táimid ag leanúint le forbairt thapa na samhla oiliúna, agus bhí 50 cúrsa oiliúna bunaithe faoi dheireadh 2018, i réimsí cosúil le riarachán leighis, gníomhaíochtaí lasmuigh, beochan agus cúram sláinte. Rinneadh breis is 3,000 clárú i rith na bliana. Faoi dheireadh 2018, bhí 35 clár printiseachta bunaithe freisin, forbraíodh 19 clár nua ó 2016, sna réimsí seo a leanas: commis chef, comhlach forbartha bogearraí, comhlach innealtóireachta líonra, ceantálai/seirbhísí réadmhaoine agus búistéireacht laistigh de FET i rith 2018.

Brexit agus FET

Táthar ag súil gur tionchar ábhartha a bheidh ag Brexit ar gheilleagar na hÉireann¹. Beidh tionchar aige ar thrádáil, infheistíocht dhíreach eachtrach agus an margadh fostaíochta². Beidh tionchar níos measa aige ar ghnóthaí beaga agus meánmhéide feadh chontaetha na teorann seachas mar a bheidh ar ghnóthaí eile³. D'fhéadfadh go n-eascródh dúshláin a bhaineann le suíomh agus/nó earnáil ar leith as seo. Dá bharr sin, in 2018, tá ETBanna, agus go háirithe iad siúd i nó gar don réigiún BMW i mbun clár a scoipeáil agus a fhorbairt chun scileanna nua nó ar leibhéal níos airde a thabhairt dóibh siúd a mbeidh tionchar ag 'Brexit' orthu. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-eascródh roinnt deiseanna a bhaineann le FET as, lena n-áirítear méadú ar éileamh fostóirí agus mac léinn ar sholáthar nua agus reatha FET, lena n-áirítear printiseachtaí nua, go háirithe iad siúd a bhaineann le seoladh iompair agus lastaí, seirbhísí airgeadais agus easpórtáil bia. Léireofar na hathruithe seo sna comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta aonair ETB le haghaidh 2018 agus 2019.

Pleanáil ar bhonn fianaise agus tionchar a thomhas

Rinneadh forbairtí spéisiúla i rith 2018 freisin a bhain le bainistíocht agus anailís sonraí a fhorbairt. Chinntigh sé seo tomhas níos mó ar dhul chun cinn FET agus an tionchar dearfach atá aige.

Tá obair shuntasach déanta ag SOLAS agus ag ETBanna chun Clár um Chóras Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí (PLSS) a fhorbairt, mar uirlis chuimsitheach sonraí d'fhoghlaimeoirí. I measc na mbealaí inar forbraíodh é seo bhí an córas a nascadh le tacair sonraí náisiúnta riaracháin trí chomhaontuithe comhroinnte sonraí leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Cuireann sé seo ar ár gcumas léargas a thabhairt ar an luach a bhaineann le FET i ndáil le forbairt scileanna, dul ar aghaidh chuig roghanna eile oideachais agus oiliúna, an t-aistriú i dtreo na fostaíochta agus cumas tuillimh ár bhfoghlaimeoirí. Trina leithéid sin d'fhaisnéis a thiomsú cuirtear torthaí láidre ar bhonn fianaise ar fáil.

Go deimhin, tugann anailís thosaigh ar shonraí 2017 le fios go bhfuil torthaí dearfacha ann d'fhoghlaimeoirí FET sa chomhthéacs seo agus foilseoidh SOLAS anailís shuntasach nua ar thionchar FET i rith 2019 - coinnigh do shúil air seo!

1 Banc Ceannais na hÉireann (2017) *Brexit Task Force Update*, December 2017.

2 Ibid.

3 ISME (2017) *Brexit Survey Results* 2017.

Clármheastóireacht

Tá SOLAS tiomanta do mheastóireacht neamhspleách ar sholáthar FET. I mbliana foilsíodh an Mheastóireacht iar-Ardteistiméireachta mar aon le freagairt SOLAS ar na torthaí. Cuireadh an Mheastóireacht ar an gClár Náisiúnta Ógtheagmhála i gcrích agus tá sé le foilsiú in 2019. Tá meastóireacht á déanamh ar an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus ar an gClár Oiliúna Sainscileanna agus foilseofar na torthaí i dtreo dheireadh 2019.

Áireofar i measc na bhforbairtí a dhéanfar amach anseo:

- An t-athbhreithniú lár téarma ar chomhaontuithe um fheidhmíocht straitéiseach, a thabharfaidh deis do SOLAS agus do ETBanna machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn agus pleananna a dhéanamh dá réir sin;
- Tionscnófar athbhreithniú ar an tsamhail maoinithe le haghaidh FET d'fhonn a chinntiú go dtugtar léargas inti ar thorthaí agus ar fheidhmíocht ETB;
- Cuirfidh sé seo ar ár gcumas cur le láidreachtaí an chórais d'fhonn a chinntiú go leanann sé le breisoideachas agus oiliúint a chur ar fáil atá dírithe ar an bhfoghlaiméoir, a fhreastalaíonn ar riachtanais eacnamaíocha agus shochaíocha, agus a théann i bhfeidhm go dearfach ar gach pobal in Éirinn.

An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna

Foilsíodh *Progress Review of the Further Education and Training Strategy 2014-19* i rith an tsamhraidh in 2018. Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar go leor forbairtí dearfacha san earnáil i rith 2017 agus 2018 d'fhonn a chinntiú go raibh córas níos straitéisí agus níos comhtháite á forbairt. Áirítear i measc na samplaí:

- Plé straitéiseach leanúnach idir ETBanna agus SOLAS;
- Córais chuimsitheacha bainistíochta sonraí a forbairt (FARR, PLSS);
- An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta a chur chun feidhme;
- Cláir nua printiseachta agus oiliúna a forbairt.

Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird san athbhreithniú ar phríomhréimsí a bhféadfaí iad a fhorbairt tuilleadh lena n-áirítear:

- An gá atá le fis straitéiseach a fhorbairt d'fhorbairt agus do threo FET amach anseo;
- Ailíniú níos gaire idir FET agus córais ardoideachais;
- Agus bealaí chun cosáin foghlaimeora níos soiléire a fhorbairt chuig, laistigh de, agus thar FET (ardoideachas san áireamh).

Cúis bhróid do SOLAS gur mhúnlaigh agus gur thacaigh torthaí an athbhreithnithe seo trína chuid oibre in 2018 chun léargas luachmhar a thabhairt i ndáil le forbairt a phlean straitéiseach FET as seo go ceann cúig bliana - tá tús áite á thabhairt cheana féin ag SOLAS in 2019 don phlean a gcuirfear tús leis in 2020.

Beidh an straitéis nua fiorthábhachtach mar go ndéanfar iarracht inti treo a leagan síos do FET trí thriúdhreach a bhfuil leibhéil gan choinne cur isteach agus athraithe le tabhairt faoi deara ann. Baineann éiginnteacht leis an tionchar a bheidh ag Brexit agus an t-athrú digiteach a bhfuil tionchar aige ar an mbealach a fhoghlaimimid, a oibrimid, a idirghníomhaímid agus a dhéanaimid gnó. Tá suntas ag baint chomh maith le hathruithe sa tionscal agus sa saol ina bhfuilimid ag obair, sa mhéid is go n-éilíonn forbairtí teicneolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha nuashonrú leanúnach laistigh den chóras FET chun riachtanais foghlaiméoirí, fostóirí agus pobal ar fud na hÉireann a chomhlíonadh.




SRACFHÉACHAINT AR 2018

Níos mó ná

27,000

cúrsa liostáilte ar fetchcourses.ie



21,948

cárta CSCS/QSCS
táirgthe agus dailte

107,481

cárta Pas Sábailte táirgthe
agus dailte



printiseachtaí
nua faofa

Timpeall

5,600

clárúchán
printiseachtaí
nua



Níos mó ná

50

cúrsa oiliúna beo



Comhaontuithe
Feidhmiúcháin
Straitéiseacha agus
Plean Seirbhíse FET
2018 foilsithe

FORLÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

An Rannán Straitéise agus Eolais

Tá Rannán Straitéise agus Eolais SOLAS ag feidhmiú i gcomhthéacs trí phríomhréimse fócais:

Straitéis, Taighde agus Meastóireacht

Tacú le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise breisoideachais agus oiliúna; an ghníomhaíocht, éifeachtúlacht, torthaí agus tionchair sholáthar FET a rianú agus mheas; agus anailisiú agus tuar riachtanas scileanna náisiúnta agus réigiúnacha tríd an Aonad tiomnaithe um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Fostaíochta (SLMRU).



2018 PRÍOMHTHORTHAÍ

Áirítear i measc na bpríomhghnóthachtálacha in 2018:

Athbhreithniú ar dhul chun cinn Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, a tharraing aird ar na príomhthosaíochtaí atá ann don chuid eile den straitéis agus príomhréimsí fócais ar a bhféadfai straitéis nua 2020-2024 a bhunú;

Próiseas de mheastóireacht agus feabhas leanúnach an tsoláthair FET a bhainistiú, trí fhreagairt SOLAS ar an meastóireacht PLC a sheoladh, meastóireacht ar Ógtheagmháil a chur i gcrích, agus dul chun cinn a dhéanamh ar mheastóireachtaí ar VTOS/SST agus an tionchar foriomlán atá ag ETB;

Raon tuarascálacha taighde ar phríomhscileanna agus ar an margadh fostaíochta a bheith á bhfoilsíú ag SLMRU, lena n-áirítear National Skills Bulletin, Vacancy Overview agus Lifelong Learning.

Pleanáil agus Infheistíocht FET

Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála agus maoinithe trí chéile, comhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta 3 bliana idir SOLAS agus gach ETB a nascadh le córas d'arrataí bliantúla ar leithdháileadh maoinithe (a áirítear ann soláthraithe eile ETB), ceadú deontas, monatóireacht agus coigeartú leanúnach ar aon dul le dearbhú maidir le gníomhaíocht agus deontas.

Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2018

Léirítear i bPlean Seirbhísí FET 2018 na haidhmeanna, na cuspóirí agus na spriocanna atá le fáil i Straitéis FET



2018 PRÍOMHTHORTHAÍ

Áirítear i measc phríomhthorthaí 2018:

- Forbairtagus aontú ar chomhaontuithe straitéiseacha feidhmíochta idir SOLAS agus ETBanna. Leagtar amach sna comhaontuithe seo pleananna chun FET a sheachadadh i ngach réigiún thar thréimhse tréibhiana agus an obair a bhfuiltear ag súil a dhéanfaidh ETB chun cur leis na sé phríomhspríoc náisiúnta FET.
- Plean Seirbhísí FET 2018, ina leagtar amach an plean bliantúil maoinithe le haghaidh sholáthar FET agus na gníomhaíochtaí a bhfuil sé ag tacú leo i measc na soláthraithe FET ar fad.

2014–2019, Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta aonair ETBanna le SOLAS le haghaidh na sé sprioc straitéiseacha eanála le haghaidh sholáthar FET agus cuirtear san áireamh an t-athrú sa timpeallacht eacnamaíoch agus na héilimh a d'fhéadfadh a bheith ar scileanna amach anseo. Léirítear sa Phlean freisin sonraí na hoibre a dhéanann ETBanna agus SOLAS chun tacú le cur chun feidhme rathúil ghnéithe 2018 de na Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta; An Córas Breisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt 2018–2020 mar a leagtar amach sa doiciméad “*Future Ready Learning*” a foilsíodh le déanaí. Seo a leanas na spriocanna comhiomlána don eanáil FET atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2020:

- 10% níos mó foghlaimoirí ag fáil fostaíochta i ndiaidh cúrsa ábhartha FET a dhéanamh
- 10% níos mó foghlaimoirí ag leanúint ar aghaidh chun cúrsaí FET nó breisoideachais eile a dhéanamh i ndiaidh cúrsaí ábhartha a chríochnú
- Méadú 10% ar an líon foghlaimoirí aosaigh atá ag glacadh páirte i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil atá á cur ar fáil trí FET
- Méadú 10% ar an ráta bronnta teastas le haghaidh cúrsaí atá dírithe go príomha ar fhorbairt scileanna soghluaisteachta sóisialta arb ionann iad agus tras-scileanna
- Ó 2018, ar feadh trí bliana, bronnfar cáilíochtaí ar 10,000 níos mó foghlaimoirí ar an meán gach bliain a bhaineann le hearnálacha gnó áit a bhfuil fás fostaíochta agus riachtanais scileanna aitheanta.

Léirítear freisin i bpróifíl an tsoláthair FET atá leagtha síos i bPlean 2018 beartas an rialtais chomh fada is

a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint, agus le réimsí gaolmhara eile. Tacaíonn an Plean le tiomantais SOLAS agus ETBanna mar atá sonraithe i raon beartas rialtais, agus tá samplaí le fáil thíos:

- Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016–2019
- Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025
- Plean Gníomhaíochta do Phoist 2018
- Cosáin chun Oibre 2016 - 2020
- Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015–2024.

Sonraítear sa Phlean sonraí infheistíochta an Stáit in FET trí mhaoiniú Státchiste agus tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus trí thacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa. In 2018, beidh an infheistíocht a dhéantar cothrom le thart ar €830 milliún (SOLAS €644m).

Áirítear sa Phlean freisin miondealú ar sholáthar FET atá á mhaoiniú ag SOLAS, a áirítear ann thart ar 28,000 cúrsa, a fhreastalaíonn ar thart ar 307,000 tairbhí trí 28 clár difriúil

Tabhair faoi deara: Tá na figiúirí bunaithe ar thuarascáil achomair táirgeachta 2018

Cuimsiú Gníomhach

A chinntiú gur ann do shásra éifeachtach ceangail idir beartas cuimsithe shóisialta agus an modh a bhfuil sé á chur chun feidhme ag soláthraithe FET; maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na Straitéise um Litearthacht agus Uimhearthacht d'Aosaigh laistigh de FET; agus ról FET i gcuimsiú sóisialta gach saoránach a chur in iúl.



2018 PRÍOMHTHAIRGÍ INSOLÁTHARTHA

In 2018, áiríodh i measc na bpríomhthairgí insoláthartha:

- Athbhreithnithe chun tacú le dea-chleachtas i gcuimsiú gníomhach laistigh de FET maidir le: measúnacht litearthachta agus uimhearthachta ag leibhéil 1-3; soláthar Béarla d'imircigh ar bheagán oiliúna agus difhostaithe; agus daoine faoi mhíchumas a áireamh i seirbhísí litearthachta; agus próiseas chun treoirilinte a bhunú maidir le litearthacht teaghlaigh agus dearadh uilíoch le haghaidh foghlaim FET.
- Anailís ar straitéisí Rialtais, gníomhartha agus foinsí faisnéise atá ábhartha do chuimsiú gníomhach in FET.
- Cur chun feidhme leantach na straitéise náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta d'aosaigh agus tacú leis an bhfeachtas feasachta náisiúnta litearthachta *'Take the First Step'*.

An Rannán Forbartha Scileanna

Oibríonn an Rannán Forbartha Scileanna le fiontair chun tacú leis an gcóras FET, comhlíonann sé dualgais agus riachtanais SOLAS, an t-údarás reachtúil le haghaidh printiseachtaí, tacaíonn sé le nuálaíocht sa roinn FET agus tugann sé faoi raon tionscnamh bunaithe ar scileanna agus cláir foghlama bunaithe ar obair cosúil leis an gCiste Eorpach don Domhandú.

Oibríonn an Rannán Forbartha Scileanna snaréimsí seo a leanas:

Nuálaíocht Náisiúnta:

Forbairt fostaithe a áireamh sa lucht oibre trí chéile, forbairt ghairmiúil don earnáil FET, agus, foghlaim le cuidiú teicneolaíochta agus eCollege.

I gcomhpháirt le páirtithe leasmhara oideachais agus fiontair, d'fhorbair agus sheol Foireann Náisiúnta Nuálaíochta SOLAS beartas nua in 2018, Skills to Advance. Cumasóidh an tionscnamh seo tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí leochaileacha i measc lucht oibre na hÉireann.

Leagtar béim ar leith sa chreat beartais nua ar fhostaithe le leibhéal scileanna níos ísle a dteastaíonn níos mó deiseanna uathu chun a saol oibre agus gairme a fhorbairt, fanacht i mbun fostaíochta nó tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta a bhíonn ar fáil.

Chomh maith leis sin, tacaíonn an beartas le fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) a dteastaíonn cúnamh uathu chun infheistiú in agus a lucht oibre a fhorbairt. Cé gur ar fhostóirí atá an phríomhfhreagracht maidir le forbairt scileanna a bhfostaithe - tá fostaithe freagrach as a bhforbairt féin freisin - cuirfidh an beartas seo le tionscnamh atá bunaithe ag fostóirí agus an Stát cheana féin agus atá á reáchtáil trí thacaíocht agus infheistíocht spriocdhírthe ón Rialtas.

Baineann fiorthábhacht le tacú leo siúd atá ag obair ar mhaithe le huasoiliúint agus a ngairmeacha a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh seirbhís oideachais agus oiliúna na hÉireann i measc na seirbhísí is fearr san Eoraip faoi 2026.

Tá sé beartaithe faoin mbliain 2021 go mbeidh breis is 40,000 oibrí páirteach i bhforbairt scileanna a bhfuil an stát ag tacú leo, agus go mbeidh tacaíocht á cur ar fáil do 4,500 SME chun fás agus forbairt a dhéanamh ar mhaithe le hiomaíocht na hÉireann ar ardán Eorpach agus domhanda a fheabhsú.

I Meán Fómhair 2018, reáchtáladh cruinniú faisnéise agus sraith ceardlann do 16 ETB atá freagrach as beartas agus tacaíocht a chur chun feidhme.

Soláthróidh ETBanna **trí** bhealach rochtana le haghaidh gach leibhéal de sholáthar FET le haghaidh fostaithe agus fostóirí mar seo a leanas:

Bealach 1 Rochtain dhíreach fostaí – áit ar féidir le fostaithe rochtain a fháil ar bhreiseoidéachas agus ar oiliúint in ETBanna go díreach trí chlárú don rogha forbartha ábhartha.

Bealach 2 Rochtain trí rannpháirtíocht fiontair – áit ar féidir le fostaithe rochtain a fháil ar bhreiseoidéachas agus oiliúint trí chomhpháirtíocht idir a bhfostóir agus ETB

Bealach 3 Tionscnaimh réigiúnacha – áit a nglacann fostaithe páirt i mbreiseoidéachas agus oiliúint mar thoradh ar thionscnamh forbartha aitheanta scileanna réigiúnacha.

Cuirfear leis na roghanna seachadta atá ar fáil do dhaoine fostaithe chun breis solúbthachta agus rochtana a chinntiú, trí ghnéithe cosúil le modúlú, soláthar páirtaimseartha, foghlaim chumaisc, cianfhoghlaim, sceidealú solúbtha agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta, a chur san áireamh.

Leathnófar roghanna seachadta do dhaoine fostaithe chun solúbthacht agus rochtain níos mó a chumasú, trí ghnéithe a ionchorprú ar nós modúlúcháin, soláthar páirtaimseartha, foghlaim chumaisc, cianfhoghlaim, sceidealú solúbtha agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta.

Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil FET 2017–2019

Tá SOLAS ag leanúint le Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil FET 2017–2019 a chur chun feidhme i gcomhpháirt le ETBI agus na ETBanna.

Diríonn an plean cur chun feidhme ar roinnt gníomhartha atá grúpáilte faoi thrí chuspóir straitéiseacha. Áirítear ina measc:

- Na córais bhonneagair agus seachadta le haghaidh forbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán a fhorbairt;
- Cumas na hearnála FET a mhéadú trí fhorbairt ghairmiúil ábhartha, spriocdhírthe;
- Maoiniú agus acmhainní a chur ar fáil go hinbhuanaithe le haghaidh forbairt ghairmiúil.

Teastaíonnathoiliúint ó chleachtóirí FET i rith a ngairmeacha ionas go mbeidh ar a gcumas freastal ar riachtanais shíorathraitheacha foghlaimeoirí. Chuige seo, saináithníodh roinnt tosaíochtaísa réimse seo i Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil FET, lena n-áirítear:

- Oibriú agus tacú le foghlaimeoirí FET
- Uasoiliúint agus athoiliúint ghairme
- Rannpháirtíocht fostóirí
- Dearbhú cáilíochta
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (TEL)
- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT)
- Forbairt cheannaireachta agus bhainistíochta

Tá dul chun cinn déanta ar chreataí chleachtais cheana féin i gcúig cinn de na réimsí seo agus tá tionscnaimh forbartha gairmiúla ullmhaithe le haghaidh forbartha.

Áirítear imeasc na dtionscnamh a reáchtáladh go rathúil ar bhonn píolótach in 2018:

- Rannpháirtíocht fostóirí - Tá ceardlanna reáchtáilte in ETBanna éagsúla a chlúdaíonn Pleanáil Ghníomhaíochta agus Caidreamh le Cliant a Bhainistiú
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (TEL) – Tátri chlár forbartha agus reáchtáilte ar bhonn píolótach le ETBanna agus is é an aidhm atá leo tacú le cleachtóirí agus le foghlaimoirí FET, mar aon le cleachtais TEL a chur san áireamh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. Áirítear i measc na dtri chlár seo:
 - Leibhéal 6 Teastas san Foghlaim agus sa Teicneolaíocht
 - Leibhéal 7 Teastas san Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta in FET
 - Leibhéal 8 Teastas san Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta in FET
- Forbairt cheannaireachta agus bhainistíochta - Áirítear i measc an dul chun cinn sa réimse seo:
 - Tá Dioplóma sa Ghnó (Bainistíocht Athruithe in FET) forbartha agus á reáchtáil ar bhonn píolótach in 2018/2019. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo tacar sainscileanna bainisteoirí FET a fheabhsú chomh fada is a bhaineann le pleanáil agus cur chun feidhme straitéiseach, scileannaceannaireachta agus féinbhainistíocht. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na straitéisí seo go leanúnach agus nuashonrófar iad níos déanaí i mbliana mar chuid de thiomantas leanúnach oiliúint cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán a sheachadadh.

eCollege

Sheachaid eCollege, an tseirbhís náisiúnta foghlama ar líne, oiliúint, saor in aisce, do bhreis is 13,000 foghlaimoir difhostaithe. Tá córas íoc táille i bhfeidhm dóibh siúd atá i mbun fostaíochta, agus bhain thart ar 400 foghlaimoir atá i mbun fostaíochta úsáid as an tseirbhís in 2018. Tá cúrsaí eCollege ar fáil ar bhonn leanúnach, níl aon liostaí feithimh agus tá solúbthacht ag baint le cur i gcrích na gcúrsaí.

Cé gurb iad cúrsaí TF is mó éileamh, tá níos mó éilimh ar chúrsaí cuntasáíochta, sláinte agus sábháilteachta, agus margaíochta. In 2018, bhí éileamh leanúnach ar chúrsaí, fianaise ar bhreis aitheantais a bheith ag foghlaim ar líne mar mheán inmharthana le haghaidh forbairt ghairme agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Printíseacht agus Foghlaim bunaithe ar Obair

Gach printíseacht, cúrsa oiliúna agus an Ciste Domhandaithe Eorpach.

Printíseacht in Éirinn in 2018

Tá freagracht reachtúil ar SOLAS as bainistiú an Chórais Náisiúnta Printíseachta in Éirinn.

Leanadh le forbairt náisiúnta na bprintíseachtaí agus na gcúrsaí oiliúna in 2018 ag teacht le Plean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh 2016-2020. Bhí 19 bprintíseacht nua ar fáil faoi dheireadh 2018, i dteannta le 25 printíseacht cheirde a bhí ann cheana.

Chláraigh 5,648 duine nua do phrintíseachtaí in 2018, lena n-áirítear 5,058 i bprintíseachtaí ceirde agus 590 in 2016+.

Ag deireadh 2018 bhí 15,670 i mbun printíseachtaí. Áiríodh ina measc seo 14,469 printíseach a bhí i mbun printíseachta ceirde. Bhí méadú leanúnach le tabhairt faoi deara ar an líon printíseachtaí ceirde, cosúil le printíseachtaí leictreacha, pluiméireachta, cearpeantóireachta agus siúinéireachta.

Tá sé beartaithe faoi 2020, go mbeidh 9,000 cláraithe ar chúrsaí printíseachta gach bliain, agus go mbeidh 31,000 printíseach ar fad i ndiaidh an bealach seo a rochtain sa tréimhse cúig bliana idir 2016-2020.

Le cois líon na bprintíseach a mhéadú, tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta go mbeidh 67 clár printíseachta bunaithe faoi dheireadh 2020, i réimsí tionscail nua agus a mbeidh dámhachtainí idir Leibhéal 5 agus Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí dá dtoradh

Tá naoi gcineál bprintíseacht nua curtha ar bun go dtí seo in 2018, sna réimsí tionscail TFC, Seirbhísí Réadmhaoine, Bithchógaisíocht agus Fáilteachas/Bia.

Printíseachtaí ar fáil in Éirinn ag deireadh 2018 bunaithe ar eanáil

Seirbhísí Ceantálaíochta agus Réadmhaoine
Seirbhísí Ceantálaíochta agus Réadmhaoine
BithChógaisCeim
Teicneoir Saotharlainne
Tógáil
Bríceadóireacht agus Saor Cloiche
Caibinéadacht
Cearpantóireacht agus Siúinéireacht
Péinteáil agus Maisiúchán
Plástráil
Pluiméireacht
Gearradh Cloch agus Saoirseacht Chloiche
Déantúsaíocht agus Bailchríochnú Adhmaid
Leictreach
Meicneoirí Aerárthaí
Leictreach
Ionstraimíocht Leictreach
Córais Slándála Leictreonacha
Innealtóireacht Leictreach Thionsclaíoch
Ionstraimíocht
Cuisniú agus Aerchóiriú
Innealtóireacht
Crúdóireacht
Inslíú Tionsclaíoch
M.A.M.F.
Innealtóireacht Déantúsaíochta (Leibhéal 6)
Innealtóireacht Déantúsaíochta (Leibhéal 7)
Oibriú Miotail
Feistiú Piobáin
Teicneolaíocht Próiseála Polaiméirí
Miotalóireacht Leatháin
Uirliseoireacht

Seirbhísí Airgeadais

Teicneoir Cuntasaíochta
Cleachtas Árachais
Comhlach Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Speisialtóir Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Fáilteachas agus Bia

Búistéir
Chef de Partie
Commis Chef

TFC

Innealtóireacht Líonra TFC
Forbairt Bogearraí TFC

Lóistíocht

Lóistíocht

Mótar

Meicneoirí Talmhaíochta
Oiriúnú Gléasra Tógála
Meicneoirí Feithiclí Troma
Mótarmheicneoirí
Deisiú Creatlach Feithicle



Rannpháirtíocht Fostóirí

Chomh maith leis sin, mhéadaigh fostóirí atá ceadaithe chun printisigh a oiliúint i rith na bliana go suntasach agus tá 5,500 fostóir liostaithe anois ar an gcóras náisiúnta printiseachta. Tá breis is 500 fostóir anois páirteach i gcur chun feidhme clár na printiseachta a bhfuil eolas ina leith le fáil thíos.

Líon na bhfostóirí a ghlac páirt i gcláir phrintiseachta nua amhail Deireadh Fómhair 2018

Printiseacht	Líon na bhfostóirí rannpháirteacha
Teicneoir Cuntasaíochta L6 (2017)	101
Seirbhísí Ceantálaíochta agus Réadmhaoine L6 (2018)	40
Búistéireacht L5 (2018)	3
Chef de Partie L7 (2018)	22
Commis Chef L6 (2017)	104
Comhlach Innealtóireachta Líonra TFC L6 (2018)	10
Comhlach Forbartha Bogearraí L6 (2018)	15
Innealtóireacht Leictreach Thionsclaíoch L7 (2016)	30
Cleachtas Árachais L8 (2016)	103
Comhlach Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta L6 (2017)	5
Speisialtóir Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta L8 (2017)	8
Anailísí Saotharlainne L7 (2018)	1
Teicneoir Saotharlainne L6 (2018)	7
Comhlach Lóistíochta L6 (2018)	15
Teicneolaíocht Déantúsaíochta L6 (2017)	25
Innealtóireacht Déantúsaíochta L7 (2017)	28
Teicneolaíocht Próiseála Polaiméirí L7 (2017)	23
Líon iomlán na bhfostóirí rannpháirteacha	540

Foinse sonraí: Clár Náisiúnta SOLAS d'fhostóirí atá faoifa chun printisigh a oiliúint

Tá 30+ clár printiseachta breise nua le cur i bhfeidhm in 2019. Tá siad liostaithe thíos:

Cláir phrintiseachta nua le cur i bhfeidhm in 2019


Teideal agus leibhéal an chlár nua
Ardsuirbhéir Cainníochta L9
Gairneoireacht Fheidhmeach L6
Crannadóireacht L5
Gairmí Comhlach Díolacháin L6
Bácús L6
Bainisteoir Beáir L7
Ealaíontóir Teicniúil CGI (Beochan, Cluichí, VFX) L9
Bainistíocht Seirbhísí Innealtóireachta L7
Innealtóir Córas Trealamh L9
Chef Feidhmiúcháin L9
Bainisteoir Feirme L7
Teicneoir Feirme L6
Druileálaí Geoiteicniúil L6
Gruagaireacht L6
Cúntóir Cúraim Sláinte L6
Tiománaí HGV L5
Comhlach Cibearshlánda L6
Speisialtóir Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta L9
Bainisteoir Barainne Sigma L9
Innealtóir um Chomhtháthú Sonraí Déantúsaíochta L7
Déantúsaíocht Páirteanna Beacht-Deilte L6
Príomh-Innealtóir L10
Cleachtóir Earcaíochta L6
Cleachtas Miondíola L6
Scafalra L6
Bainistíocht Sócmhainní Aerárthaí Eolaíochta L7
Dearthóir Córas Bogearraí L9
Bainistíocht Tailte Spóirt L6
Bainistíocht Graifheirme L7
Comhlach Slabhra Soláthair L7
Bainisteoir Slabhra Soláthair L9
Speisialtóir Slabhra Soláthair L8
Cothabháil Tuirbín Gaoithe L6



2018 PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cuireadh roinnt gníomhartha suntasacha eile i gcrích in 2018, lena n-áirítear:

- Tús a chur le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar phrintiseachtaí ceirde: Leictreach; Cearpantóireacht agus Siúinéireacht; Oibriú Miotail; Pluiméireacht; agus Meicneoirí Feithiclí Troma.
- Cuireadh tús le suíomh gréasáin píolótach bunaithe ar mhargadh fostaíochta printiseachtaí.
- An líon ban atá i mbun printiseachtaí a rianú. I láthair na huaire, tá 341 bean i mbun printiseachta in Éirinn, figiúr arb ionann é agus méadú suntasach i gcomparáidle blianta roimhe seo, 60 in 2016, agus 145 in 2017.
- Treoir náisiúnta maidir le cúrsaí oiliúna ar fud na hearnála a eisiúint.
- Cuireadh tús leis an gcéad chomórtas printiseachta 'A frame' mar chuid den fheachtas *Generation Apprenticeship* agus ba Ghrúpa Dearthóra a bhuaigh an comórtas.
- Bhí neart rannpháirtíochta idir SOLAS, rúnaíocht na Comhairle Printiseachta, agus cuibhreannais na bprintiseachtaí nua.
- Éascaíodh roinnt cruinnithe faisnéise náisiúnta ar fud na tíre le haghaidh clár printiseachta nua atá le cur i bhfeidhm in 2018.



Tábla 1 2018 Clárúcháin ar chlár printiseachta roimh 2016 de réir na printiseachta

Printiseacht Cheirde Roimh 2016	Clárúcháin bhliantúla
Meicneoirí Talmhaíochta	41
Meicneoirí Aerárthaí	74
Bríceadóireacht agus Saor Cloiche	81
Cearpantóireacht agus Siúinéireacht	591
Oiriúnú Gléasra Tógála	71
Leictreach	1841
Ionstraimíocht Leictreach	108
Córais Slándála Leictreonacha	65
Crúdóireacht	9
Tíliú Urláir agus Balla	0*
Meicneoirí Feithiclí Troma	176
Insliú Tionsclaíoch	19
Ionstraimíocht	17
Uathobriú Meicniúil agus Feistiú Cothabhála	180
Oibriú Miotail	234
Mótarmheicneoirí	380
Péinteáil agus Maisiúchán	30
Feistiú Piobáin	49
Plástráil	29
Pluiméireacht	653
Meáin Chlóite	0*
Cuisniú agus Aerchóiriú	119
Miotalóireacht Leatháin	70
Gearradh Cloch agus Saoirseacht Chloiche	7
Uirliseoireacht	79
Deisiú Creatlach Feithicle	40
Déantúsaíocht agus Bailchríochnú Adhmaid	95
IOMLÁN	5,058

Tábla 2 2018 Clárúcháin i ndiaidh 2016 de réir na printíseachta

Cláir phrintíseachta i ndiaidh 2016	Clárúcháin bhliantúla
Innealtóireacht Leictreach Thionsclaíoch	25
Teicneolaíocht Próiseála Polaiméirí	15
Innealtóireacht Déantúsaíochta (Leibhéal 6)	34
Innealtóireacht Déantúsaíochta (Leibhéal 7)	20
Cleachtas Árachais	80
Teicneoir Cuntasaiochta	88
Comhlach Seirbhísí Airgeadais	11
Speisialtóir Seirbhísí Airgeadais	10
Commis Chef	112
Seirbhísí Ceantálaíochta agus Réadmhaoine	53
Anailísí Saotharlainne	2
Teicneoir Saotharlainne	14
Búistéir	7
Chef de Partie	31
Teicneoir Gairmiúil Comhlach TFC	22
Forbróir Gairmiúil Comhlach TFC	39
Lóistíocht	27
Iomlán	590

Déanann SOLAS, trí fhoireann Taighde Scileanna agus Margaidh Fostaíochta, meastóireachtaí go rialta ar an éagothroime i soláthar agus éileamh scileanna san áit oibre, gairmeacha printíseachta ceirde ina measc. Ina theannta sin, soláthraíonn sé réamhaisnéisí maidir leis na riachtanais phrintíseachta a bheidh ann thar thréimhse 5 bliana.

Tá na patrúin chlárúcháin do phrintíseachtaí ceirde ó 2009 ag teacht le réamhaisnéisí fhoireann taighde SOLAS agus a Aonad Seirbhísí printíseachta.

Léirítear i dTábla 3 treochtaí clárúcháin phrintíseachta roimh 2016, a bhfuil cosúlachtaí eatarthu agus a bhfuil ag tarlú i ngeilleagar na hÉireann trí chéile.

Tábla 3 Clárúcháin phrintíseachta 2012–2018

Bliain	Líon clárúchán
2012	1,434
2013	1,929
2014	2,698
2015	3,153
2016	3,742
2017	4,508
2018	5,058

Aitheantas réamhfhoghlama agus iarratais ar achomhairc

Soláthraíonn Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) áis do phrintisigh chun fianaise inchruthaithe ar thaithí a bhaineann lena gceird (agus gradaim) a chur ar fáil chun cur ar a gcumas na riachtanais chuí le haghaidh deimhnithe a chomhlíonadh.

In 2018, cheadaigh Fochoiste um Aitheantas Réamhfhoghlama an Choiste Chomhairligh Náisiúnta Printíseachtaí (NAAC) 1,921 iarratas (chuig QQI) don Dámhachtain Sainleabais Cheirde. Chomh maith leis sin, próiseálann SOLAS iarratais ó phrintisigh ar mian leo diolúintí a lorg ó thréimhse nó am ó chlár phrintíseachta. D'éirigh le 114 iarratas ó phrintisigh ar a leithéid de dhiolúintí in 2018.

Chuir SOLAS tús le clár RPL don Tionscal Slándála Leictreonaí chun cur ar chumas na ndaoine a bhí ag obair sa tionscal, roimh thús a chur le printíseacht na gCóras Slándála Leictreonaí in 2007, a n-inniúlacht a dheimhniú. In 2018, thug 44 ceardaí faoin bpróiseas RPL.

Anuas air sin, éascaíonn SOLAS ceardaithe a chríochnaigh printíseacht i rith ré na 'hama caite' chun a n-inniúlacht a dheimhniú tríd an bpróiseas RPL. I rith 2018, cheadaigh SOLAS 119 iarratas agus bronnadh Taifead Gnóthachála.

Fuair an Coiste Achomhairc Náisiúnta Printíseachta 70 iarratas ó phrintisigh agus ó fhostóirí maidir le raon ceisteanna a bhain le printíseacht.

Cúrsa Oiliúna

Chuir na Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na hÉireann go mór lena dtiomantas do sholáthar cúrsaí oiliúna, agus beidh breis is 50 cúrsa oiliúna ar fáil ar fud na hÉireann faoi dheireadh 2018.

Áiríodh san *Action Plan to Expand Apprenticeship and Traineeship 2016- 2020* spriocanna bliantúla go dtí 2020 le haghaidh cúrsaí oiliúna, cur leis an soláthar atá ann agus tá an obair forbartha ar bun ó 2014.

Tá sé beartaithe, faoi 2020, go mbeidh 5,000 rollú bliantúil ar chúrsaí oiliúna agus go mbeidh 54 clár ar fáil thar raon réimsí tionscail. Tá na dámhachtainí seo comhionann le Leibhéal 4-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Sa tréimhse idir 2016-2020 tá sé beartaithe go mbeidh 19,000 oiliúnai rollaithe. Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta spriocanna le haghaidh rolluithe agus cláir nua le haghaidh gach bliain roimh 2020.

I rith 2018, bhí Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) ag obair chun seirbhísí atá ann cheana féin a athnuachan agus a athsheoladh agus chun cúrsaí oiliúna nua a fhorbairt, le tacaíocht ó SOLAS.

Foilsíodh athbhreithniú ar chúrsaí oiliúna in 2018. Lena chois sin, reáchtáladh sraith de cheithre cheardlanna náisiúnta le ETBanna.



Tá eolas le fáil sa tábla thíos faoin 51 cúrsa oiliúna atá ar fáil in 13 réimse tionscail leathana faoi dheireadh 2018:

Cúrsaí oiliúna atá ar fáil, Deireadh Fómhair 2018

GNÓ

- Riarachán Gnó
- Teicneoir Seirbhíse Córas Gnó
- Riarachán Dlí
- Riarachán Leighis
- Riarachán Oifige

CÚRAM

- Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
- Cúntóir Cúraim Sláinte

TÓGÁIL

- Scileanna Tógála le haghaidh Fostaíochta
- Córais Intí
- Oibritheoir Sreang Lasnaide

INNEALTÓIREACHT

- Teicneoir Cothabhála Aerárthaí
- Teicneoir Struchtúr Aerárthaí
- Teicneolaíocht Ailtireachta agus Dearadh Ríomhchuidithe
- Dearadh Ríomhchuidithe (Revit, Inventor etc)
- Innealtóireacht OEM
- Oibríochtaí Innealtóireachta
- Beacht-Déantúsaíocht Innealtóireachta
- Cúntóir Saotharlainne
- Táthú/Oibriú
- Cothabháil Tuirbín Gaoithe

FAISEAN AGUS SCÉIMH

- Teiripeoir Scéimhe
- Gruagaireacht

AIRGEADAS

- Feidhmeannach Cuntas
- Cosán Deimhnithe Cuntasaíochta
- Riarachán Airgeadais

FÁILTEACHAS

- Seirbhís Bia agus Dí
- Fáilteachas L4
- Fáilteachas L5

TFC

- Tástáil Uathoibrithe Bogearraí
- Díolacháin agus Margaiocht Dhigiteach
- Córais agus Prionsabail TFC do Ghairmithe TF
- Slándáil Lionra TF
- Speisialtóir Tacaíochta TF
- Forbróir Bogearraí
- Innealtóir Tacaíochta Teicniúla

LÓISTÍOCHT

- Tiomáint HGV (píolóta)
- Lóistíocht agus Dáileachán
- Slabhra Soláthair Déantúsaíochta agus Lóistíocht Seirbhísí do Chustaiméirí
- Lóistíocht Slabhra Soláthair

DÉANTÚSAÍOCHT

- Oibrítheoir CNC
- Oibríochtaí Déantúsaíochta Eolaíochtaí na Beatha
- Teicneoir Déantúsaíochta – Scileanna Cothabhála Teicneolaíochta
- Déantúsaíocht Cógaisíochta
- Bainistíocht Cáilíochta (Dearbhú Cáilíochta)

MEÁIN

- Beochan

MIONDÍOL

- Cúntóir Díolacháin Cógaslaine
- Comhlach Miondíola
- Scileanna Miondíola Sláinte agus Scéimhe

SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHT

- Teagascóir Idirnáisiúnta Eachaíochta (BHSAI)
- Teagascóir Gníomhaíochtaí Lasmuigh
- Spóirt, Áineas agus Aclaíocht

Mhéadaigh an líon rolluithe ar chúrsaí oiliúna in 2018, agus bhí 3,068 rollú taifeadta ag deireadh na bliana i mbunachar sonraí soláthar breisoideachais agus oiliúna FARR SOLAS.

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

Is clár atá á mhaoiniú ag an Eoraip é an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF), atá deartha chun cabhrú le Ballstáit den AE tacaíochtaí gníomhachtaithe margadh fostaíochta a chur ar fáil do shaoránaigh a fágadh iomarcach mar gheall ar éifeachtaí an domhandaithe.

Tacaíonn SOLAS le cur i bhfeidhm chlár EGF trína aonad comhordaithe tiomanta EGF

Scéimeanna Náisiúnta Tógála

Áirítear i measc raon na gclár atá á mbainistiú ag foireann Sheirbhísí Tógála SOLAS, 21 clár Scileanna Tógála, 14 clár Scileanna Cairéalaithe agus clár an Phas Shábháilte. Tá na cláir seo ar fáil do na tionscail tógála agus cairéalaithe lena chinntiú go bhfuil na scileanna tógála ceannródaíocha, scileanna cairéalaithe agus inniúlachtaí acu ionas go n-éireoidh leo.

Tá na gnéithe reachtaíochta agus beartais de na scéimeanna seo á dtreorú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta. Tá na scéimeanna á riar ag SOLAS agus is sraith, soláthraithe príobháideacha, atá ceadaithe ag SOLAS den chuid is mó, atá ina mbun. Teastaíonn creidiúnú QQI ó chlár CSCS agus QSCS chun ceanglais reachtúla na scéimeanna seo a chomhlíonadh.



BUAICPHOINTÍ 2018

Tá gach clár bunaithe ar éiteas de sheirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a chinntiann go gcuirtear fostaíthe, fostaíthe agus fostóirí poitéinsiúla san áireamh nuair a bhíonn gnéithe uile na scéimeanna CSCS/QSCS á gcur chun feidhme. Nuair a chuirtear an oiliúint agus measúnú CSCS/QSCS i gcrích, eisítear teastas QQI agus cárta clárúcháin SOLAS.

I rith 2018, chloigh an tAonad Seirbhísí Tógála lena phríomhchuspóir - ba é sin éiteas d'fheabhas leanúnach a áireamh ina oibríochtaí agus baineadh na torthaí seo a leanas amach:

- Tugadh eolas do gach teagascóir Pas Shábháilte ceadaithe SOLAS maidir le clár Pas Shábháilte Leagan 8 agus cuireadh an clár nua Pas Shábháilte ina láthair i Meán Fómhair, 2018.
- Chuir SOLAS gné ualaithe nua san áireamh i bpróiseas monatóireachta an Phas Shábháilte chun breis cothromais agus trédhearcachta a chur chun cinn laistigh den phróiseas monatóireachta.
- Roinn SOLAS eolas maidir leis an gclár nua Comharthaí, Gardála agus Soilsithe, agus Sláinte agus Sábháilteacht ag Oibreacha

Bóthair, le hEagraíochtaí Oiliúna agus le hOiliúnóirí atá Ceadaithe ag SOLAS. Tá SOLAS ag súil go gcuirfear tús leis na cláir nua seo in 2019.

- Roinn SOLAS eolas maidir le cláir nua Scafolra, atá le teacht i bhfeidhm in 2019, le hEagraíochtaí Oiliúna agus le hOiliúnóirí atá Ceadaithe ag SOLAS.
- Chuir SOLAS seirbhísí breise monatóireachta ar fáil a leathnaíonn scóip agus scála a ghníomhaíochtaí monatóireachta chomh fada is a bhaineann le CSCS agus QSCS. Tá sé beartaithe go gcuirfear an tseirbhís leathnaithe mhonatóireachta seo i bhfeidhm ag tús 2019.
- Ó thús 2018, phróiseáil, tháirg agus dháil SOLAS 107,481 cárta Pas Shábháilte, arb ionann é agus méadú 18% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2017.
- Chomh maith leis sin, bhainistigh agus riar SOLAS próiseáil, táirgeadh agus scaipeadh 21,948 CSCS/QSCS cárta, arb ionann é agus méadú 24% i gcomparáid le 2017.
- Chuir SOLAS tús le haistriú céimnithe a sheirbhísí ceadaithe agus creidiúnaithe torthaí ón líonra ETB go dtí Comhairle Contae Thiobraid Árann. Cheana féin, tá an tseirbhís nua láraithe agus spriocdhírthe, curtha ar fáil ag Comhairle Contae Thiobraid Árann, tar éis amanna feithimh a laghdú idir cur i gcrích an mheasúnaithe agus cártaí CSCS agus QSCS a eisiúint d'fhaighteoirí rathúla.
- De réir Rialacháin um Aitheantas Cáilíochtaí Gairmiúla 2017, reáchtáil Paineál Gairmiúil um Aitheantas SOLAS 43 cruinniú, arb é a bhí mar thoradh orthu go bhfuair 202 iarratasóir cárta seirbhíse sealadach agus fuair 43 iarratasóir cárta seirbhíse buan.
- Lean SOLAS lena thiomantas do scóip agus scála athraitheach a chóras dearbhaithe cáilíochta Seirbhísí Tógála atá ag tacú le feidhmiú scéimeanna náisiúnta tógála.
- Choimeád SOLAS a Chomhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach le Clár Scileanna Tógála Thuaisceart Éireann le haghaidh sealbhóirí chártaí Pas Shábháilte agus CSR.
- I rith 2018, lean SOLAS le haitheantas a thabhairt do chártaí CSCS ar fud na Ríochta Aontaithe trí fheidhmiú clár comhchuibhithe comhaontaithe le Bord Oiliúna Thionscal Tógála na Ríochta Aontaithe.

- Lean SOLAS lepróiseas bailíochtaithe cártaí a reáchtáil don tionscal tógála chun comhlíonadh le ceanglais reachtúla a chinntiú.
- Chuir SOLAS tús le próiseas chun a infreastruktúr TF a athnuachan le hardán nua comhtháite TF a éascóidh forbairt agus seachadadh córas comhaimseartha ar furasta é a chothabháil.
- Sa ráithe deiridh de 2018, chuir SOLAS tús le córas íocaíochta nua ar líne d'athnuachaintí cártaí agus do chártaí athsholáthair. Tá sé beartaithe go mbeidh an tseirbhís nua seo ag feidhmiú, ar bhonn céimnithe, faoi dheireadh Eanáir, 2019.

I ndiaidh comhairliúcháin, chun a mhachnamh a dhéanamh ar gach gné d'fheidhmiú agus de phróisis na scéimeanna seo agus a gcuid torthaí agus moltaí a ullmhú. Cuireadh an obair seo i gcrích ag deireadh 2017. Bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí thuarascáil Bearing Point, d'fhoilsigh agus scaip SOLAS dréacht-threoirphlean cur i bhfeidhm le haghaidh athrú agus aistriú CSCS, QSCS agus Pas Sábháilte chuig gach páirtí leasmhar ábhartha ar mhaithe le comhairliúchán.

Is éard a bhí mar thoradh air seo treoirphlean cur i bhfeidhm athbhreithnithe, a seoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna agus chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta lena dhaingniú.

An Rannán Acmhainní

Feidhmíonn Rannán Acmhainní SOLAS i gceithre réimse: Forbairt agus Tacaíocht Eagraíochtúil, Airgeadas, TFC, agus Cosaint Sonraí.

Forbairt agus Tacaíocht Eagraíochtúil:

Cuimsítear ann Acmhainní Daonna agus Caidreamh Foirne; Seirbhísí Dlí agus Iniúchta; Bainistíocht Rioscaí agus Taifead; agus Seirbhísí Saoráidí.

In 2018, lean an tAonad um Fhorbairt agus Tacaíocht Eagraíochtúil ag tacú leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an bhfoireann chun acmhainn SOLAS a fheabhsú, a chreat agus meicníochtaí rialachais chorparáidigh a neartú, agus seirbhísí saoráidí a chur ar fáil.

Acmhainní Daonna agus Caidreamh Foirne

Bainistíonn an tAonad Acmhainní Daonna agus Caidreamh Foirne acmhainní daonna agus riarachán

pinsin, mar aon le riarachán an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).

Lean an t-aonad le beartais agus nósanna imeachta foirne agus nithe a bhain le caidreamh foirne a fhorbairt agus a bhainistiú, mar aon le cabhrú le SOLAS a chuspóirí corparáideacha a chur i gcrích trí phleanáil d'fhórsa oibre. Rinneadh dul chun cinn ar an bplean d'fhórsa oibre, a bunaíodh in 2016, i rith 2017 agus 2018, agus ba é an dáta críochnaithe a bhí luaite leis an 31 Nollaig 2020.

Seirbhísí Dlí agus Iniúchta

In 2018, sholáthair an tAonad Seirbhísí Dlí agus Iniúchta raon seirbhísí dlí. San áireamh anseo bhí bainistíocht caingne dlí; comhairle dlí a chur ar fáil; comhlíonadh le reachtaíocht cosanta sonraí; bainistiú árachais agus gearán; agus teastais taithí a phróiseáil.

Chomh maith leis sin, chuir sé raon seirbhísí tacaíochta iniúchta agus rialachas-ghaolmhar ar fáil, lena n-áirítear bainistiú agus forghníomhnú an phlean bhliantúil iniúchta rioscabhunaithe agus bainistiú príomhcheanglas rialachais chorparáidigh i ndáil le cuntais bhliantúla SOLAS agus idirchaidreamh le Coiste Athbhreithnithe Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC) SOLAS.

In 2018, chuir an tAonad próiseas soláthair i gcrích chun painéal de cheithre chuideachta a bhunú chun iniúchtaí / athbhreithnithe Inmheánacha agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar don cheithre bliana ina dhiaidh sin.

Seirbhísí Saoráidí

I rith 2018, sholáthair an tAonad Seirbhísí Soláthair seirbhísí tacaíochta gnó ar fud na heagraíochta. Áiríodh ina measc seo priontáil intí agus priontáil bhainistithe; seirbhísí poist, teileafóin, slándála, lónadóireachta agus glantacháin; fáiltiú, seomra cruinnithe agus seirbhísí closamhairc.

Cinntíonn an t-aonad seo go bhfuil an t-áitreabh, na seirbhísí meicniúla agus leictreacha, á gcothabháil agus lánfheidhmiúil. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann agus/nó go sáraíonn SOLAS a fhreagrachtaí reachtúla faoi reachtaíocht chomhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta.

In 2018, chuir an tAonad Seirbhísí Saoráidí i gcomhar le hAonad Soláthair SOLAS agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) próisis tairisceana i gcrích go rathúil le haghaidh Lónadóireacht agus Slándáil SOLAS. Chomh maith leis sin, chuir an t-aonad tairiscint Oscailte i gcrích le haghaidh Seirbhísí Meicniúla & Leictreacha.

Bainistíocht Rioscaí agus Taifead

Tá an tAonad Seirbhísí Saoráidí (FSU) freagrach freisin as próiseas Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste SOLAS, feabhsú, tacaíocht agus cur chun feidhme na bpróiseas agus na nósanna imeachta Bainistíochta riosca, agus Bainistíocht Taifead agus Stóras Taifead.

San áireamh i bpróiseas Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste SOLAS bhí anailís a dhéanamh ar stádas Leanúnachais Gnó do FSU agus forbairt agus cur chun feidhme an Phlean Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste.

Faoi Bhainistíocht Taifead agus Stóras Taifead, d'fhorbair FSU sceidil choinneála, chuir siad dlús le forbairt agus cur i bhfeidhm na gCórais Bainistíochta Taifead agus rinne siad athbhreithniú ar na córais athbhreithnithe stóras taifead. Faoi réimsí na bpróiseas agus na nósanna imeachta Bainistíochta Riosca, d'athbhreithnigh agus nuashonraigh FSU Beartais agus Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca / Creat Bainistíochta Riosca, d'fhorghníomhaigh an Fhoireann Bainistíochta Sóisearach / ARMRC / Bord an Clár Riosca Chorparáidigh i gcomhréir leis an mBeartas Bainistíochta Riosca, agus tacaíodh le cur chun feidhme chleachtais GDPR ag SOLAS.

Airgeadas

Feidhm chuimsitheach Bainistíochta Airgeadais a chur ar fáil don eagraíocht i gcomhréir le dea-chleachtas lena n-áirítear riarachán eisiocaíochtaí deontais maoinithe do gach Bord Oideachais agus Oiliúna agus do sholáthraithe FET eile.

Tá raon freagrachtaí airgeadais eile ar an Roinn freisin lena n-áirítear iocaíochtaí foirne; oibriú Rannóg na gCuntas, lena n-áirítear: feidhm na gCreidiúnaithe, Féichiúnaithe agus Státhchiste; Airgeadas AE lena n-áirítear gníomhú mar Chomhlacht Idirmheánach le haghaidh Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020; feidhmiú an Mhórleabhair Ghinearálta lena n-áirítear na Cuntais Reachtúla a ullmhú; Tacaíocht SAP; feidhmiú na feidhme Soláthair; Bainistíocht Sócmhainní agus Fardal.

In 2018, chuir an Rannóg Airgeadais próiseas soláthair le haghaidh Comhpháirtí Tacaíochta SAP i gcrích. Phróiseáil Rannóg Airgeadais SOLAS, mar Chomhlacht Idirmheánach PEIL do ghníomhaíochtaí FET, éileamh suntasach ESF le haghaidh Breisoideachais a fuarthas ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna in 2018.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC):

Tacú leis na córais agus leis an infreastruchtúr inmheánach gnó a úsáideann aonaid ghnó in SOLAS d'fhonn feidhmiú ar bhonn laethúil. Chomh maith leis sin, cuireann TFC SOLAS roinnt córas ar fáil don earnáil FET, lena n-áirítear:

- Clár an Chórais Tacaíochta d'Fhoghlaimoiri (PLSS): A áirítear ann Bunachar Sonraí na bhFoghlaimoiri, Féilire Náisiúnta Cúrsaí agus Bunachar Sonraí an Chláir Náisiúnta;
- An Córas um Iarraidh agus Tuairisciú Leithdháileadh Maoinithe (FARR) – nasctha le PLSS agus a úsáidtear chun maoiniú don earnáil FET a thuar agus a rianú;
- Córas Seirbhí na gCliaint Printiseachta (ACSS) – a úsáidtear chun gach printiseach atá i mbun printiseachtaí ceirde agus nua in Éirinn a thaifeadh agus a rianú;
- Córas Bainistíochta Cáirtaí (CMS) – a úsáidtear in aonad gnó na Seirbhí Tógála chun cáirtaí CSCS, QSCS agus Pas Shábháilte a thaifeadh agus a eisiúint.

I rith 2018, chuir an Roinn TFC 6 thairiscint i gcrích, agus bhain an phríomhthairiscint le réiteach Athshlánaithe ó Thubaiste TFC.

Cosaint Sonraí:

Tá éifeacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ón 25 Bealtaine 2018. Cuireadh plean cuimsitheach d'ullmhúchán GDPR i bhfeidhm d'fhonn comhlíonadh iomlán leis an dlí Eorpach nua seo a chinntiú.

Áiríodh i measc na ngníomhartha a cuireadh i gcrích: ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí; bunaíodh coiste stiúrtha GDPR; rinneadh measúnú riosca ar phróiseáil sonraí; cuireadh oiliúint ar an bhfoireann; tugadh nuashonruithe rialta don fhoireann bainistíochta sinsearach agus do Bhord SOLAS; cuireadh struchtúr rialachais i bhfeidhm lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta ábhartha a ullmhú; forbraíodh fógraí príobháideachais do chliaint agus don fhoireann; agus ullmhíodh comhaontuithe comhroinnte sonraí agus neamhnócha i ndáil le próiseálaithe sonraí.

Anois díreoidh an tAonad Cosanta Sonraí ar chomhlíonadh le GDPR a chinntiú.

Cumarsáid agus Rúnaíocht

Tá oibleagáid reachtúil ar SOLAS faoi Alt 7 (1)(b) d'Acht um Breisoideachas agus Oiliúna, 2013 chun meas ar luach an bhreisoideachais agus oiliúint (FET) a chur chun cinn. Tá freagrachtaí air freisin faoi Chuspóir 5 de Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014–2019 chun seasamh FET a chur chun cinn.

Déantar iarracht i Straitéis Cumarsáide 2015–2018 tacú le seasamh SOLAS mar phríomh-shaineolaí i réimse FET agus aird a tharraingt ar an mbealach a bhfuil SOLAS ag cur leis an obair atá ar bun ag an earnáil FET.

Imeachtaí agus cruinnithe faisnéise faoi obair SOLAS a reáchtáladh le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear: ETBanna; IBEC; Comhlachais; Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF); Fóraim Náisiúnta Scileanna; Aontas NALA; Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC); agus Airí Rialtais agus baill den Oireachtas, gach páirtí parlaiminteach agus oifigigh ábhartha.

Lean an fhoireann cumarsáide agus ionadaithe eile ó SOLAS ag tacú le páirtithe leasmhara trí chur le agus páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus imeachtaí. Comhdháil Bhliantúil Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC), Comhdháil Bhliantúil ETBI, comhdháil Cholaíste na Tríonóide – Roghanna oideachais do dhaoine óga i gcúram, comhdháil AHEAD – Athmhúnlú na timpeallachta uilechuimsithí i mbreisoideachas agus in ardoideachas, ar samplaí iad de chásanna inar thacaigh SOLAS, an fhoireann cumarsáide go háirithe, le páirtithe leasmhara ar an mbealach seo in 2018.

D'oibrigh an fhoireann cumarsáide i ndlúthchomhar le IGC i ndáil lena gclár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) trí chur i láthair a dhéanamh ag cruinnithe brainsí áitiúla agus cabhrú lena chinntiú go bhfuil an t-eolas cuí ag baill faoi FET ionas gur féidir é a chur i láthair mar rogha dá gcuid mac léinn nuair a bhíonn pleananna á ndéanamh acu don saol i ndiaidh na meánscoile. Leanfar leis an obair seo in 2019.

Tá tionchar na béime leanúnai ar dhea-chaidreamh a bhunú le comhfhreagrachtaí oideachais agus gnó soiléir tríd an gclúdach dearfach atá déanta agus a dhéantar go leanúnach ar FET.

D'éirigh leis an bhfoireann cumarsáide clúdach suntasach náisiúnta agus áitiúil a chinntiú sna meáin éagsúla agus i bhfoilseacháin thábhachtacha lena n-áirítear: Meastóireacht ar Sholáthar Chláir PLC agus Freagairt SOLAS ar an Meastóireacht PLC, mar aon leis an bhFeasachán Scileanna Náisiúnta in 2018.

Lena chois sin, bhí eolas maidir le FET le fáil i roinnt forliontaí oideachais i rith na bliana, lena n-áirítear: Forlionadh “*Smart Choices*” The Irish Times a fhoilsítear thart ar an am a fhógraítear torthaí na hArdteistiméireachta; forlionadh The Sunday Independent maidir le Táblai Sraithe Scoile; agus alt faoi phrintiseachtaí a foilsíodh ar an eagrán digiteach de The Irish Times.

Cuireann SOLAS ar bhealach suntasach le forliontaí den chineál sin agus baineann sé úsáid as an deis trí fhógraíocht agus athúsáid ábhair ar na meáin dhigiteacha. Bhí neart clúdaigh ar na meáin chraolta agus rinneadh líon suntasach agallamh ar an raidió náisiúnta agus áitiúil agus agallamh teilifíse i rith na bliana.

In 2018, lean SOLAS ag obair leis an Údarás um Ard-Oideachas agus bhí ról ceannaireachta aige i bhfeachtas poiblíochta le haghaidh printiseachtaí, gné den Phlean Gníomhaíochta chun Printiseachtaí agus Oiliúint a Fhorbairt in Éirinn 2016-2020. Ag obair le comhpháirtithe cosúil le ETBanna, IOTanna, cuibhreannais, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus daoine eile, chuir an feachtas príomhtheachtaireachtaí in iúl do spriocphobail agus bhí méadú sa líon daoine a thug cuairt ar www.apprenticeship.ie mar thoradh ar an obair seo. San áireamh sa trácht bhí 435,000 cuairteoir agus 241,000 úsáideoir uathúil don bhliain, mar aon le fás leanúnach sna cainéil meán sóisialta, Twitter and Facebook. Go dtí deireadh Nollaig 2018, bhí an líon leantóirí Twitter cothrom le 2,260, agus mhéadaigh líon úsáideoirí an leathanaigh Facebook go dtí breis is 14,000 leantóir.

Chomh maith leis sin, bainistíonn an fhoireann cumarsáide suíomh gréasáin SOLAS agus déanann sé poiblíocht ar an suíomh gréasáin www.fetchcourses.ie. Is léir bunaithe ar anailísíocht 2018 go raibh 334,000 cuairt agus 226,000 úsáideoir uathúil agus 632,000 cuairt agus 281,000 úsáideoir uathúil ag an dá shuíomh gréasáin seo, faoi seach.

Tugadh méadú seasta ar lucht leanúna meán sóisialta SOLAS faoi deara agus bhí an líon leantóirí LinkedIn agus an líon sintiúsóirí YouTube ag tosú ag fás.

Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2018 a cheiliúradh, reáchtáil SOLAS imeacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhná atá obair san earnáil FET chun cabhrú leis an teachtaireacht gur féidir leis an oideachas mná a chumhachtú agus cabhrú le páireacht inscne a chur chun cinn. Thug SOLAS cuireadh do phainéal ban a n-aistear FET a roinnt le pobal meáin de thart ar 100 aoi a raibh lucht déanta beartas, fostóirí, foghlaiméoirí FET ina measc.

I measc na bpríomhphobal meáin atá ann do FET tá: fágálaithe scoile; tuismitheoirí; treoirchomhairleoirí; agus athróirí gairme. Chun cabhrú le feachtas ar FET a bhunú agus a fhorbairt i measc na bpobal meáin seo, rinne SOLAS cur i láthair ag taispeántais cosúil le Higher Options, Zeminar agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Deis ba ea é seo chun bualadh le agus labhairt le spriocphobal meáin agus eolas agus treoir maidir le FET a roinnt.

Chomh maith leis sin, thacaigh SOLAS le feachtas Sheachtain Feasachta na gColáistí agus le Seachtain na Scileanna Gairme ar fud na hEorpa. Ba é an aidhm a bhí leis na feachtais seo léargas a thabhairt ar éagsúlacht an bhreiseoideachais agus oiliúint agus an méid atá á thairiscint aige.

Reáchtáladh Imeacht Oscailte Náisiúnta na hÉireann le haghaidh Seachtain Eorpach na Scileanna Gairme, Taispeántas Gairme an Mheán-Iarthair i Luimneach i mí na Samhna, imeacht a chuir tús le roinnt imeachtaí a reáchtáladh ar fud na tíre a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar FET.

Le cois na feidhme cumarsáide, lean an fhoireann cumarsáide agus rúnaíochta le tacaíocht rúnaíochta a sholáthar do Bhord SOLAS i rith 2018 mar aon le hiarratais Saorála Faisnéise (FOI) agus Ceisteanna Parlaiminte (PQanna) a bhainistiú.

ANAILÍSIÓCHT 2018 AR LÍNE

apprenticeship.ie |



1.3 milliún

amharc leathanach

241,000

úsáideoirí uathúla

435,000

cuairt



Fás leanúnach thar
na meáin shóisialta

Printiseacht



2,260

leantóirí ar Twitter



+14,000

leantóirí ar Facebook

SOLAS



+5,000

leantóirí ar Twitter

solas.ie |



1.2 milliún

amharc leathanach

334,000

cuairt

226,000

úsáideoirí uathúla

fetchcourses.ie |



3.8 milliún




amharc leathanach

632,000

cuairt

281,000

úsáideoirí uathúla



RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Sainordú Reachtach

Bunaíodh SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) – ar an 27 Deireadh Fómhair 2013 faoi Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Faoi Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, is mar seo a leanas a shainmhínear feidhmeanna ginearálta SOLAS:

- a. straitéis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaca le soláthar FET;
- b. meas ar luach FET a chur chun cinn;
- c. dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus fostóirí, ó am go ham chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé, nó cén ranganna, de chuid chlár FET ar cheart don tSeirbhís iad a fhorbairt;
- d. airgead a chur ar fáil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do chomhlachtaí eile a bhfuil baint acu le clár FET a sholáthar;
- e. foráil nó socrú a dhéanamh le haghaidh soláthar oiliúna agus athoiliúna le haghaidh fostaíochta agus chun cabhrú le agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar oiliúint den sórt sin á déanamh ag daoine eile seachas an tSeirbhís;
- f. a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil Boird Oideachais agus Oiliúna, agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le soláthar chlár FET, a bhfuil airgead tugtha dóibh, ag cur a gcuid feidhmeanna i gcrích ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach;
- g. socrúchán daoine a bhaineann le haicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith sonraithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Oideachais agus Scileanna i gclár FET atá maoinithe, ina n-iomláine nó i bpáirt, trí airgead poiblí, a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú;
- h. Comhoibriú idir Boird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le soláthar FET agus clár a chur chun cinn;
- i. comhionannas deise a chur chun cinn i ndáil le soláthar FET;
- j. clár FET nua agus reatha a fhorbairt agus a bhforbairt a éascú lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna i gceist lena chinntiú go gcuireann siad a gcuspóir i gcrích;
- k. soláthar oiliúna a chur ar fáil nó cabhrú lena cur ar fáil do dhaoine atá freagrach as clár FET a chur ar fáil i dtaca le hairgead atá curtha ar fáil ag An tSeirbhís faoi alt 21;
- l. taighde a reáchtáil, nó socruithe a dhéanamh chun taighde a reáchtáil, ar aon ní a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse; agus

- m. comhairle a chur ar an Aire maidir le haon cheist a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Cuireann SOLAS cúnamh ar fáil ar bhonn leanúnach do ETBanna maidir le raon tacaíochtaí. Chomh maith leis sin, tá SOLAS ag leanúint le tacaíocht TF a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí ag eascairt as aistriú iar-Oifigí Seirbhíse Fostaíochta FÁS agus an fhoireann ghaolmhar chuig an Roinn sin in 2012.

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac ionad chód 2009, i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag SOLAS agus tá próisis bunaithe lena chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh ag gach gné d'oibríochtaí SOLAS.

Comhaontú Seachadta Feidhmíochta

In 2018 chomhaontaigh SOLAS ar Chomhaontú um Fheidhmíocht Straitéiseach le gach ceann den 16 Bord Oideachais agus Oiliúna.

Sláinte agus Sábháilteacht Chorporáideach

Comhlíonann SOLAS a fhreagrachtaí reachtúla faoi Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus gach rialachán faoin Acht seo. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus cliant ar fad agus ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear baill den phobal a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár n-oibríochtaí orthu. Comhordaíonn agus cinntíonn foireann bainistíochta SOLAS comhlíonadh lena Ráiteas Beartais Sábháilteachta trí chur chun feidhme an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta ar fud na heagraíochta.

Riosca

Tá SOLAS, trína Bheartas Bainistíochta Riosca, tiomanta do chur chun feidhme creat comhtháite, éifeachtach, agus éifeachtúil chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé cur chuige réamhghníomhach agus struchtúrtha chun na rioscaí a bhfuil ar an eagraíocht déileáil leo a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

I ndeireadh na dála, tá Bord SOLAS freagrach as bainistíocht riosca faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá údarás tarmilgthe ag an mBord do ARMRC i dtaca le maoirseacht agus dearbhú

leanúnach an Chreata agus an Phróisis Bainistíochta Riosca.

Tá rioscaí suntasacha sainaitheanta don eagraíocht doiciméadaithe i gClár Rioscaí Chorpáraidigh SOLAS agus mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Riosca, déanann ARMRC athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Chorpáraidigh ceithre huaire sa bhliain, agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é lena athbhreithniú faoi dhó sa bhliain.

Cosaint Sonraí

Tá Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) an AE deartha chun cearta agus cosaintí a thabhairt do dhaoine maidir le próiseáil a sonraí pearsanta. Is éard atá i gceist le cosaint sonraí ceart bunúsach atá leagtha amach in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an AE, ina sonraítear go bhfuil an ceart ag gach duine go mbeidh na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á gcosaint; caithfear sonraí den sórt sin a phróiseáil ar bhealach cothrom chun críocha sonraithe agus de réir thoilíú an duine i gceist nó bonn dlisteanach eile atá leagtha síos sa dlí agus go bhfuil an ceart ag gach duine chun rochtana ar na sonraí atá bailithe a bhaineann leis nó léi, agus an ceart na sonraí sin a chur ina gceart.

Is é an aidhm atá le GDPR agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí ("an Dlí Cosanta Sonraí" i dteannta a chéile), príobháideacht daoine a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil a chosaint. Soláthraíonn an Dlí Cosanta Sonraí roinnt ceart do dhaoine maidir le próiseáil a sonraí pearsanta lena n-áirítear; an ceart rochtana; an ceart chun faisnéise; an ceart go ndéanfaí ceartúcháin; an ceart go ndéanfaí léirsciosadh; an ceart chun iniomparthacht sonraí; an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil uathoibrioch; an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála agus an ceart chun próiseáil a shrianadh.

Tá SOLAS tiomanta do phróiseáil Dhleathach, Chothrom agus Thrédhearcach Shonraí Pearsanta Ábhar Sonraí trí úsáid a bhaint as bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla. Déanfaidh SOLAS gach céim réasúnta chun Sonraí Pearsanta Ábhar Sonraí a shlánú agus a chosaint le linn dó an Dlí Cosanta Sonraí a chomhlíonadh.

Acht um Nochtadh Cosanta 2014

In 2018, níor ardaíodh aon ní nua faoin Acht um Nochtadh Cosanta.

Ráitis Beartais ar Éifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an gComhshaol

I Meitheamh 2001, d'eisigh an Rialtas meamram a éilíonn ar gach Gníomhaireacht Stáit, cur síos a dhéanamh, ina dTuarascáil Bhliantúil, ar bhearta atá á ndéanamh chun úsáid fuinnimh a laghdú, sa chás go bhfuil siad freagrach as áitreabh nua nó athchóiriú suntasach ar fhoirgnimh agus/nó i bhfoirgnimh a bhfuil siad lonnaithe iontu. Faoi Ionstraim Reachtúil (SI) 542 Rialacháin (Úsáid Deiridh Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) na gComhphobal Eorpach 2009, tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil phoiblí.

Tá SOLAS tiomanta do chur le gnóthachtáil choigiltis infhíoraíthe éifeachtúlachta fuinnimh de 33% san Earnáil Phoiblí faoi 2020 i gcomhréir le Plean Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh 2009-2020.

I gcomhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), déanann SOLAS tuairisciú agus monatóireacht ghníomhach ar a úsáid fuinnimh, agus cuireann sé straitéisí agus gníomhartha i bhfeidh chun coigiltis spriocdhírithe a bhaint amach, agus a shárú, áit ar féidir.

I dTuarascáil Bhliantúil 2018 maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, tugadh faoi deara go raibh Coigiltis Fuinnimh 30.1% bainte amach ag SOLAS ó bhonnline SEAI agus stádas iomlán de bheith níos éifeachtúla ná an bhonnline agus ullamh chun sprioc 2020 a chomhlíonadh.

Tuigeann SOLAS an dualgas atá air a chinntiú go mbeidh tionchar iosta ag a oibriocthaí agus gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol áitiúil agus ar an gcomhshaol trí chéile.

Tríd an gCóras Bainistithe Dramhaíola, agus i gcomhar le Conraitheoir Bainistithe Dramhaíola, tá gníomhartha curtha i bhfeidhm ag SOLAS a chinntíonn ardleibhéal d'athchúrsáil dramhaíola, rud a laghdaíonn an méid dramhaíola atá á chur isteach i líonadh talún. Tá SOLAS tiomanta do dhea-chleachtas i dtéarmaí feasachta comhshaoil agus cleachtais soláthair glasa, áit ar féidir.

Beidh na tosaíochtaí céanna ann in 2018 agus in 2019 agus áireofar ina measc monatóireacht agus rialú costas fuinnimh, iniúchóireacht fuinnimh, agus béim ar éifeachtúlachtaí agus coigiltis fuinnimh nuair a bhíonn trealamh á fháil agus nuair a bhíonn Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh á chur chun feidhme le haghaidh aon tionscadal ábhartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tuigeann SOLAS go n-athróidh seirbhísi nuair a thiocfaidh an dualgas dearfach mar atá leagtha síos in alt 42 d'Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 i bhfeidhm. Bhuaill SOLAS le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) roinnt babhtai in 2017 lena chinntiú go bhfuil a oibleagáidí maidir le dualgas poiblí á bhainistiú aige ar an mbealach is fearr agus is féidir.

Tá SOLAS tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i ndáil le comhionannas san eagraíocht. Forbraíonn agus cuireann SOLAS beartaí agus cláir oiriúnacha i bhfeidhm a théann i ngleic le riachtanais mhargadh fostaíochta daoine atá eisiata go sóisialta agus cuireann sé dearcadh réamhghníomhach maidir le comhionannas i bhfeidhm i ngach seirbhís agus clár a bhfuil SOLAS ag tacú leo. Tá seirbhísi SOLAS ar fáil do gach fear agus bean ar bhealach comhionann agus do gach saoránach den Aontas Eorpach agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Is fostóir comhdheiseanna é SOLAS. Chuige sin, tá SOLAS tiomanta do chinntiú nach bhfaigheann aon bhall foirne, nó iarratasóir ar fhostaíocht i SOLAS, cóir is lú fabhar ná aon duine eile ar fhorais inscne, stádas pósta, stádas teaghlach, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht den lucht siúil nó aon fhorais eile nach bhfuil ábhartha do dhea-chleachtas fostaíochta.

Tá an eagraíocht ag leanúint le béim a leagan ar chultúr agus ar dhearcadh comhionannais a fhorbairt agus a spreagadh laistigh de SOLAS. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach ball foirne agus go dtugtar comhdheiseanna dóibh chomh fada is a bhaineann le forbairt agus dul chun cinn gairme.

Airítear anseo comhionannas a chomhtháthú i mbainistíocht feidhmíochta laethúla agus i gcláir forbartha foirne, ionas gur cuid de chultúr na heagraíochta a bhíonn ann agus príomhchleachtas bainistíochta – atá á spreagadh ag gach bainisteoir agus a bhfuil gach ball foirne ar fud na heagraíochta sásta glacadh leis.

In 2018, thug SOLAS faoi chlár comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn dul i ngleic le héagsúlacht i bprintiseachtaí. Is léir ó thaighde deisce a rinneadh gur fir óga (85%) faoi 25 bliain d'aois iad printisigh Éireannacha. As an 14,953 printiseach a chríochnaigh a gcuid oiliúna i nDeireadh Fómhair 2018, mná ba ea 332, nó 2%. Chomh maith leis sin, tá daoine

faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht, 423 nó 2.8% de dhaonra na bprintiseach. Níl aon sonraí náisiúnta ar fáil maidir le cúlra socheacnamaíoch nó cúlra eitneach printiseach Éireannach.

Comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Comhairle na bPrintiseachtaí; Bainisteoirí Fóram Náisiúnta Scileanna agus breis is 100 duine a d'fhreastail ar chruinnithe struchtúrtha. Leagan amach 'Plé Caifé' a bhí ar chruinniú amháin agus bhí cruinniú iomlánach amháin ann ag ar pléadh torthaí ón glceachtadh taighde i gcáipéis Pathways.

Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tá SOLAS faoi réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 le héifeacht ón 29 Eanáir 2015.

Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tá SOLAS faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Bunaítear leis an Acht trí cheart reachtúla:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi a leasú má tá an fhaisnéis neamhiomlán, mícheart nó mithreorach, agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil le haghaidh cinntí a bhfuil tionchar acu ar an duine.

In 2018, fuair SOLAS 15 iarraidh ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

D'oibrigh SOLAS leis an *Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta* chun Scéim Teangacha Oifigiúla a fhorbairt in 2015 agus táthar ag fanacht ar dheimhniú na scéime faoi láthair. Idir an dá linn, foilsítear Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí ábhartha eile SOLAS sa dá theanga oifigiúla go comhuaineach, rud a chinntíonn go bhfuil forálacha ginearálta an Achta á gcomhlíonadh. Beidh suíomh gréasáin SOLAS ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord SOLAS as comhlíonadh na heagraíochta le hAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Bhunaigh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2012)

leasuithe suntasacha ar an gceanglas maidir le hÍoc Pras atá le fáil san Acht.

Tá an fhreagracht seo tarmligthe ag an mBord do bhainistíocht SOLAS. Áirítear sa chóras de rialú inmheánach airgeadais rialuithe agus nósanna imeachta a meastar atá riachtanach chun comhlíonadh leis an Acht a chinntiú. Áirítear i gcóras de rialú inmheánach na heagraíochta rialuithe cuntasaiochta agus ríomhaireachta atá deartha lena chinntiú go n-aithnítear sonraisc agus conarthaí iocaíochta laistigh de na dátaí iocaíochta forordaithe. Tá na rialuithe seo deartha chun dearbhú réasúnach a thabhairt, ní dearbhú absalóideach, i gcoinne neamhchomhlíonadh leis an Acht.

Tá an Bord sásta, gur chomhlíon SOLAS, in 2018, le forálacha uile an Achta i ngach ponc ábhartha. Íocadh suim de €3,642.14 ar an iomlán i ndáil le pionóis úis a bhain le hÍoc déanach.

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird

Tá Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú 2016 agus treoirlínte a éiríodh i mí na Samhna 2017.

Rialachas

Bunaíodh Bord Solas faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Tá feidhmeanna SOLAS leagtha amach in ailt 7, 8 agus 9 den Acht seo. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sa Sceideal Ábhar atá forchomleáda do Bhord SOLAS. Tá an Bord freagrach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bhainistíochta sinsearach freagrach as gnáth-bainistíocht, rialú agus treoir SOLAS ó lá go lá. Leanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bhainistíochta sinsearach an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord, agus chinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar cheangal díreach idir an Bord agus bainistíocht SOLAS.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Sceideal Ábhar atá Forchoimeáda don Bhord, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na buanmhíreanna a chuireann an Bord san áireamh:

- fógairt leasa,
- tuarascálacha ó na coistí,
- ráitis airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- cúrsaí forchoimeáda.

Ceanglaíonn Alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 don Bhord, go coimeádann sé gnáthcuntais chui d'airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé agus a d'fhéadfadh a bheith formheasta ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toil an Aire Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Trí na ráitis airgeadais a ullmhú, ceanglaítear don Bhord na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn atá ar siúl, ach amháin más rud é go mbeadh sé neamhoiriúnach go gceapfaí go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhinítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta sásúla a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann sé ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le halt 31 (2) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad agus plean seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a fhormheasadh. Rinne an Bord athbhreithniú ar an mbuiséad agus plean seirbhísí ag a chruinniú ar an 4 Meán Fómhair, 2018 - an t-athbhreithniú lárbhlíana ar Phlean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2018 agus Leasuithe Maoinithe Molta.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhri sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird ná go dtugtar léargas fíorcheart cóir ar staid chúrsaí na cuideachta i ráitis airgeadais an CNCC maidir le ioncam agus le caiteachas an CNCC amhail ar an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord déanta as Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, agus bhí siad go léir ceaptha ag an Aire Oideachais agus Oiliúna. Is comhalta den bhord de bhrí oifige é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SOLAS. Le linn 2018, d'éag téarma oifige cheathrar comhaltaí de chuid an Bhoird, lena n-áirítear téarma oifige an Chathaoirligh. D'fhág an tIar-POF, Paul O'Toole, an Bord nuair a d'fhág sé SOLAS. Ceapadh an POF Gníomhach, Conor J Dunne, ina chomhalta de bhrí oifige den Bhord ag an am sin. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a chinneann ar cheapachán tréimhse gach Comhalta den Bhord. Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire in 2018.

Comhaltaí Reatha an Bhoird

Comhalta de chuid an Bhoird	Ról	
Patrick Delaney	Cathaoirleach	27.10.13
Bernadette Brady	Gnáthchomhalta	27.10.13
Patricia Carey	Gnáthchomhalta	27.10.17 (dara téarma)
Cecilia Munro	Gnáthchomhalta	27.10.17 (dara téarma)
Cathriona Hallahan	Gnáthchomhalta	27.10.13
Darragh J. Loftus	Gnáthchomhalta	27.10.17 (dara téarma)
Paul O'Sullivan	Gnáthchomhalta	27.10.17 (dara téarma)
William Egerton	Gnáthchomhalta	27.10.13
Sinead McCluskey	Gnáthchomhalta	27.10.17
Seán Burke	Gnáthchomhalta	27.10.17 (dara téarma)
PJ Dwyer	Gnáthchomhalta	27.10.17
Catrina Sheridan	Gnáthchomhalta	27.10.17
Conor J. Dunne	Comhalta <i>Ex-officio</i>	27.10.18
Paul O' Toole	Comhalta <i>Ex-officio</i>	27.10.13

Is iad na comhaltaí de chuid an Bhoird ar éag a dtéarmaí oifige le linn na tréimhse ná

Comhalta de chuid an Bhoird	Ról
Patrick Delaney	Cathaoirleach
Bernadette Brady	Gnáthchomhalta
Cathriona Hallahan	Gnáthchomhalta
William Egerton	Gnáthchomhalta
Paul O' Toole	Comhalta <i>Ex-officio</i>

Cuireann 4.6 den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 obligeáidí don Bhord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht chomh maith le breithmheas seachtrach ar a laghad uair amháin gach tréimhse thri bliana. Choimisiúnaíodh an Foras Riaracháin chun breithmheas a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Bhoird in 2018. Áiríodh mar chuid den bhreithmheas suirbhé ar líne, agallaimh duine-ar-dhuine le comhaltaí de chuid an Bhoird agus cruinniú leis an mBord iomlán. Cuireadh na torthaí de sin faoi bhráid an Bhoird i mí Mheán Fómhair 2018.

Tá trí fhochoistí ag an mBord:

- An Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca:** déanta as triúr comhalta den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC) ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus ráthaíocht lena mbaineann. Tá ARMRC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áiríthíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na gcórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhartha iniúchta. Tuairiscíonn ARMRC don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.
- Is iad comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca don tréimhse seo ná:** Cathriona Hallahan, Cathaoirleach; Seán Burke, comhalta Boird; Paul O'Sullivan, comhalta Boird, agus Robert Chestnutt, comhalta neamhspleách. Tionóladh ceithre chruinniú ARMRC in 2018. Tionóladh an cruinniú deireanach do Cathriona Hallahan a bheith ar an ARMRC ar an 30 Lúnasa 2018.
- An Coiste Pleanála Straitéisí:** déanta as cúig chomhalta Boird. Is é aidhm an Choiste Pleanála Straitéiseach fócas straitéiseach a choimeád ar Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS agus ar Phlean Chorpáraideach SOLAS araon i bhfeidhmiú fheidhmeanna na heagraíochta agus

iompar a ghnó. Soláthraíonn an Coiste maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar fhorbairt an Phlean Corparáidigh SOLAS i gcomhthéacs na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus freagrachtaí SOLAS eile.

Is iad comhaltaí an Choiste Pleanála Straitéisí ná: Cecilia Munro, Cathaoirleach, Bernadette Brady, Comhalta de chuid an Bhoird, Patrick J. Dwyer, Comhalta de chuid an Bhoird, Darragh J. Loftus, Comhalta de chuid an Bhoird, Sinead McCluskey, Comhalta de chuid an Bhoird. Thionóil an Coiste Pleanála Straitéisí trí chruinniú in 2018. D'éag téarma oifige Bernadette Brady le linn na tréimhse seo.

3. An Coiste um Fhorbairt an Fhórsa Saothair agus Forbairt Eagrúcháin:

ar a bhfuil triúr Chomhaltaí de chuid an Bhoird. Is é cuspóir an Choiste ná comhairle agus ráthaíocht a thabhairt don Bhord maidir leis na hábhair go léir a bhaineann leis an bhfórsa saothair agus forbairt eagrúcháin lena n-áirítear saincheistanna a bhaineann le:

- hAcmhainní daonna lena n-áirítear luach saothair, monatóireacht ar fhórsa saothair agus pleanáil agus forbairt na foirne;
- An fhorbairt eagraíochtúil;

- Comhionannas agus éagsúlacht lena n-áirítear straitéis, polasaí agus monatóireacht laistigh den eagraíocht.

Is iad comhaltaí an Choiste um Fhorbairt an Fhórsa Saothair agus Forbairt Eagrúcháin le linn na tréimhse seo ná: Patrick Delaney – Cathaoirleach, Patricia Carey, Comhalta de chuid an Bhoird, agus Catrina Sheridan, Comhalta de chuid an Bhoird. Tionóladh trí chruinniú coiste in 2018. D'éag téarma oifige Patrick Delaney le linn na tréimhse seo.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh de chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí do 2018 leagtha amach ar an gcéad leathanach eile, lena n-áirítear costais a fuair gach comhalta:

I gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Alt 1.4(iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú - Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais 2016, tá costais a iocadh don Bhord don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 nochta ag seo thíos. Cé nach bhfaigheann comhaltaí Boird Solas táillí, baineann an nochtdh le costais a iocadh maidir le freastal ar chruinnithe.

	An Bord	An Coiste um Athbheithniú Iniúchta & Bainistíocht Riosca	An Coiste um Fhorbairt an Fhórsa Saothair agus Forbairt Eagrúcháin	An Coiste Pleanála Straitéisí	Táillí 2018 €	Costais 2018 €
Líon na gcrúinnithe sceidealaithe/ na gcrúinnithe ar ar fhreastail orthu	9	4	3	3		
DELANEY, Patrick	8/9	-	3/3	-	0	0
BRADY, Bernadette	5/9	-	-	0/3	0	0
BURKE, Seán	9/9	4/4	-	-	0	0
CAREY, Patricia	8/9	-	2/3	-	0	2,884
DWYER, Patrick J.	9/9	-	-	3/3	0	0
EGENTON, William	6/9	-	-	-	0	0
HALLAHAN, Cathriona	4/9	3/4	-	-	0	0
LOFTUS, Darragh J.	6/9	-	-	3/3	0	211
MCCLUSKEY, Sinead	7/9	-	-	3/3	0	0
MUNRO, Cecilia	8/9	-	-	3/3	0	0
O'SULLIVAN, Paul	6/9	2/4	-	-	0	0
O'TOOLE, Paul	8/9	-	-	-	0	0
SHERIDAN, Catrina	8/9	-	3/3	-	0	0
DUNNE, Conor J.*	1/9	-	-	-	0	0
Iomlán					0	3,095

* Ní raibh Conor J Dunne i láthair ach do Chruinniú Boird amháin i 2018

Athruithe Príomhacha san Fhoireann

D'éag téamaí oifige chúigear chomhaltai de chuid an Bhoird le linn na bliana - Patrick Delaney, Bernadette Brady, William Egerton, Paul O'Toole agus Cathriona Hallahan. Déanfaidh an tAire ceathrar chomhaltai nua a cheapadh le bheith ar an mBord tar éis iomaíocht oscailte a bheith rite, go gcuirfear leis an líon comhaltai boird suas go dtí 13 chomhalta.

Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as go ndéanfar cinnte de go gcomhlíonann SOLAS - An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna le ceangaltais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód an t-ábhar seo a leanas a bheith nochta:

Costais Sainchomhairleora

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don bhainistíocht agus ní cuimsítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe gur gnáthghnó na heagraíochta iad. Gearradh na costais chomhairliúcháin seo a leanas maidir le forchostais:

	2018 €	2017 €
Dlí (comhairle dlí ginearálta)	244,580	344,680
Comhairle airgeadais/ achtúireach	6,604	3,998
Acmhainní Daonna	72,174	68,277
Feabhsú Gnó	59,781	140,944
Eile	4,674	11,611
Iomlán na gCostais Comhairleachta	387,813	569,510
Costais chomhairleachta caipitlithe	0	0
Costais comhairleachta a ghearrtar ar an loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coimeádta	387,813	569,510
Iomlán	387,813	569,510

Gearradh na costais chomhairleachta ar chostais chlár go díreach in 2018:

	2018 €	2017 €
Comhairle dlí (comhairle dlí ginearálta)	0	0
Comhairle airgeadais/ achtúireach	0	0
Acmhainní Daonna	0	0
Feabhsú gnó	0	0
Eile	17,549	35,711
Iomlán na gCostais Comhairleachta	17,549	35,711
Costais chomhairleachta caipitlithe	0	0
Costais comhairleachta a ghearrtar ar an loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coimeádta	17,549	35,711
Iomlán	17,549	35,711

Costais dlí agus socruithe dlí

Léiríonn an tábla thíos briseadh síos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ginearálta a fuair SOLAS agus atá nochta i gcostais Chomhairleoireachta thuas.

	2018 €	2017 €
Táillí dlí SOLAS – imeachtaí dlí	189,728	600,310
Táillí dlí an chontrapháirtí – imeachtaí dlí	42,500	156,000
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	0	0
Socruithe	42,500	285,000
Iomlán	274,728	1,041,310

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Is mar seo a leanas a aicmítear caiteachas ar thaisteal agus cothabháil:

	2018 €	2017 €
Intíre		
— Bord*	3,095	3,022
— Fostaithe ^o	323,674	320,760
Idirnáisiúnta		
— Bord	0	0
— Fostaithe ^o	17,984	19,077
Iomlán	344,753	342,859

* costais chothaithe agus taistil go léir a íocadh go díreach le comhaltai an Bhoird in 2018 agus in 2017.

^o costais chothaithe agus taistil go léir a íocadh go díreach le baille foirne in 2018 agus in 2017.

◊ tá costais chothaithe agus taistil de €11,139 a íocadh go díreach le baill foirne in 2018 san áireamh (2017: €8,722). Bainann an t-iarmhéid de €6,845 (2017: €10,355) le caiteachas a d'íoc SOLAS thar ceann na foirne.

Fuarthas costais chothaithe agus taistil de €4,491 ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP) agus an tAontas Eorpach.

Caiteachas ar Fháilteachas


Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais na speansais ar fháilteachas seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Fáilteachas foirne	2,674	3,338
Fáilteachas Cliaint	2,661	740
Iomlán	5,335	4,078

Ráiteas Comhlíonta

Chloigh SOLAS le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Le linn 2018 tabhaidh caiteachas de €405,639 le ceithre conarthaí soláthair ar tugadh chun críche iad in 2017 agus ar tuairiscíodh iad le bheith neamh-chomhlíontach i gcuntais 2017. Cuireadh conarthaí i bhfeidhm le haghaidh na soláthair sin in 2018 anois tá SOLAS go huile is go hiomlán comhlíontach maidir leis an soláthar.



Patricia Carey



Cathaoirleach Gníomhach,
SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

Conor J. Dunne

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin Gníomhach,
SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019



RÁITIS AIRGEADAIS

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí SOLAS

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, cuireadh an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) ar bun le héifeacht ón 27 Deireadh Fómhair 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, sainmhínítear gurb iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá ag SOLAS:

- a. straitéis i leith soláthar breisoideachais agus oiliúna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna;
- b. meas ar luach an bhreisoideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn;
- c. tréimhse dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham chun a chinneadh cé na cláir bhreisoideachais agus oiliúna, nó cé na haicmí clár den sórt sin, ba chóir a bheith ina n-ábhar airleacain ag an tSeirbhís;
- d. airgead a airleacan do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do chomhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna;
- e. oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh maidir lena soláthar, agus cúnamh a thabhairt do dhaoine eile seachas an tSeirbhís ó thaobh oiliúint den sórt sin a sholáthar, agus comhordú a dhéanamh ar an soláthar sin;
- f. measúnú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann nó nach ndéanann Boird Oideachais agus Oiliúna, agus comhlachtaí eile atá ag gabháil do sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna, ar airleacadh airgead dóibh, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil;
- g. suíomh daoine a bhaineann le cibé aicme nó aicmí duine a shonróidh an tAire Coimirce Sóisialaí tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna a mhaoineítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú;
- h. comhoibriú a chur chun cinn idir Boird Oideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile a mbíonn baint acu le cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar;
- i. comhionannas deiseanna a chur chun cinn i ndáil le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- j. cláir bhreisoideachais agus oiliúna nua agus láithreacha a fhorbairt, agus forbairt den sórt sin a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá ceaptha chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna lena mbaineann, chun a

chinntiú go bhfreastalaíonn na cláir sin dá gcuspóir;

- k. oiliúint a sholáthar, agus cúnamh a thabhairt chun oiliúint a sholáthar, do dhaoine a bhfuil sé curtha de chúram orthu cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar, is cláir a bhfuil airgead airleactha ina leith ag an tSeirbhís;
- l. taighde a sheoladh, nó socrú a dhéanamh chun taighde a sheoladh, maidir le haon nithe a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse, agus
- m. comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le haon ní a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, ceanglaítear ar SOLAS cuntais bhliantúla a ullmhú, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar SOLAS na nithe seo a leanas a dhéanamh

- beartais chuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh SOLAS ag feidhmiú; agus
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá SOLAS freagrach freisin as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, lena gcuirtear in iúl a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le mír 31(1) den Acht. Tá SOLAS freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus miriálachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Chloigh SOLAS leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Cheadaigh SOLAS na ráitis airgeadais an 25 Aibreán, 2019.



Patricia Carey
Cathaoirleach Gníomhach,
SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019



Conor J. Dunne
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin Gníomhach,
SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE BHEITH CURTHA FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tSeirbhis Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)

Tuairim ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais SOLAS don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018 mar atá riachtanach faoi fhorálacha nó roinn 31 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ionam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid
- an ráiteas ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom de shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais SOLAS ag 31 Nollaig 2018 agus d'ioncam agus caiteachas le haghaidh 2018 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais in Ith RA agus Poblacht na hÉireann*.

Bunús tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (ISAs) mar atá curtha i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Institiúidí Iniúchta Uachtaracha. Tá mo dhualgais faoi na caighdeáin sin sonraithe san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar SOLAS agus tá mo fhreagrais eiteiciúla eile comhlíonta agam i gcomhréir le na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leormhaith agus oiriúnach chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá roinnt eolais eile curtha i láthair ag SOLAS maraon le na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas ar rialú inmheánach agus an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Bhoird. Tá mo fhreagrais chun tuairisciú a dhéanamh maidir le heolas dá leithéid, agus ar roinnt ábhar eile ar a dhéanaim tuairisciú trí eisceacht sonraithe san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Bealtaine 2019

Aguisín na tuarascála

Freagrachtaí bhaill an Bhoird

Leagann an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Bhoird freagrachtaí bhaill an Bhoird amach, lena n-áirítear

- Ullmhúchán ráitis airgeadais sa bhfoirm molta faoi roinn 31 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna 2013
- Deimhniú go dtugann na ráitis airgeadais léargas firinneach agus cothrom faoi réir FRS102
- Deimhniú rialtacht idirbhearta
- Ag measúnú cibe má tá úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- Measúnú a dhéanamh ar an rialú inmheánach a mheastar atá riachtanach chun ullmhúcháin ráitis airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábharach, cibe de bharr calaoise nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm faoi roinn 31 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna 2013 chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus chun tuairisciú orthu doThithe an Oireachtas.

Is é mo chuspóir maidir leis an iniúchadh a chur ar bun ná chun dearbhú réasúnta a fháil cibe an bhfuil na ráitis airgeadais saor ina iomlán ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe isea dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht í go n-aithníodh iniúchadh déanta i gcomhréir leis na ISAs míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe eascrú ó chalaos nó earráid agus breithnítear orthu mar ábhartha, ar bhonn aonarach nó mar chomhiomlán, má meastar go bhféadfadh tionchar réasúnta a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí déanta ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAs, cuirim breithiúnas poifisiúnta i bhfeidhm agus caomhnaim sceipteachas poifisiúnta le linn an iniúchta, tríd é seo a dhéanamh.

- Aithním agus déanaim measúnú ar na baol maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibe de bharr calaoise nó earráid; dearaim agus cuirim i bhfeidhm cleachtais iniúchta mar fhreagairt do na baol sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leormaith agus oiriúnach chun bunús do mo thuairim a sholáthar. Tá an baol maidir le heaspa sonrú a dhéanamh ar mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise níos airde ná ceann ag eascrú as earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, bréagléirithe nó neamhniú rialú inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach bainteach leis an iniúchadh chun na cleachtais iniúchta atá oiriúnach sna cúinsí a dhearadh, ach ní chun tuairim a chur in iúl ar éifeachtúlacht an rialú inmheánaigh.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na gcleachtas cuntasaoíochta a úsáidtear agus an réasúntacht meastacháin chuntasaoíochta agus nochtaithe eolais gaolmhara.
- Bainim conclúd amach ar oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh nó cuntasaoíochta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta aimsithe, cibe má tá neamhchinnteacht ábhartha ann bainteach le heachtraí nó coinníollacha a

d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas SOLAS leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal amach go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá dualgas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil do na nochtaithe eolais gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó má tá nochtaithe eolais dá leithéid easnamhach, mo thuairim a leasú. Tá mo thátail bunaithe ar fhianaise aimsithe suas go dáta i mo thuarascáil. D'fhéadfadh eachtraí nó coinníollacha amach anseo áfach stop a chur le SOLAS leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtaithe eolais, agus cibe má léiríonn na gnéithe airgeadais na na hidirbhearta agus eachtraí bunúsacha i slí a bhaineann leiriúchán cothrom amach.

Déanaim teagmháil le iad siúd atá i bhfeighil rialachais maidir le, i measc rudaí eile, scóip agus am pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirim aon chineál dearbhaithe nó tátal orthu sin.

I gcomhréir leis m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISAs an t-eolas eile atá soláthartha a léamh agus tríd é sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh cibe má tá an t-eolas eile neamh-chomhsheasmhach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó le heolais aimsithe le linn an iniúchta, nó má tá cuma air go bhfuil sé míshonraithe go bunúsach seachas sin. Bunaithe ar an obair atá déanta agam, má bhainim an tátal amach go bhfuil míshonrú ábhartha den eolas eile seo. tá dualgas orm é sin a thuairisciú.

Tuarascáil ar ábhair eile

Tá m'iniúchadh curtha ar bun trí thagairt do na breithniúcháin speisialta a nascanna le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus feidhmiúchán. Tuairiscim má tá ábhair ábhartha ann bainteach leis an slí inar cuireadh gnó poiblí ar bun.

Is mian lom fianaise a fháil i dtaobh rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má tá aon chás ábhartha ann nár úsáideadh airgead poiblí do na cuspóirí beartaithe nó nár réitigh idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscim freisin trí eisceacht, más é an cás, i mo Thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus míniúcháin go léir a raibh gá agam leo do m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaoíochta leormaith chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach na ráitis airgeadais ag réiteach leis na taifid chuntasaoíochta.

AN RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS), aithnim an fhreagracht atá orainn as dea-rialachas a chur ar fáil (i gcomhréir le ceanglais an Chóid Rialachais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016) agus as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheidhmiú. Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tharmlig an Bord leibhéil údarais atá sainithe go soiléir chuig coiste feidhmiúcháin SOLAS agus chuig a fhoireann agus ag an am céanna choimeád an Bord ábhair áirithe chun a chinneadh féin a dhéanamh ina leith.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas chun fáil réidh leis, mar sin ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Éilíonn an córas go ndéanfaidh bainisteoirí líne, an coiste feidhmiúcháin agus na feidhmeanna airgeadais, soláthair agus acmhainní daonna rialú dian a fheidhmiú agus go dtuairisceoidh siad aon teipeanna suntasacha rialaithe don Bhord.

An Cumas chun an Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC) ar a bhfuil triúr comhaltaí den Bhord agus saíneolái neamhspleách amháin don thréimhse go dtí Lúnasa 2018, an mhí sin san áireamh. I ndiaidh sin, agus suas go dtí deireadh bliana, is éard a bhí sa Choiste ná beirt Chomhaltaí de chuid an Bhoird agus saíneolái seachtrach amháin. Tháinig an ARMRC le chéile ceithre uaire le linn 2018.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm ag SOLAS, rud a oibríonn i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Bíonn obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar phróifíl anailís riosca ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht; ar chuspóirí straitéiseacha; ar chlúdach timthriallach iniúchta; agus ar na torthaí ó iniúchtaí roimhe. Tríd is tríd, bíonn an obair sin dírithe ar réimsí lena mbaineann riosca féideartha suntasach don eagraíocht. Rinne an ARMRC an Plean don Iniúchadh Inmheánach 2018 a fhaomhadh thar ceann an Bhoird. Le linn na bliana 2018, eisíodh dhá Thuarascáil Iniúchta

Inmheánaigh déag inar cumhdaíodh printíseachtaí, an comhlíonadh rialachais, an bainisteoireacht straitéiseach, an comhlíonadh le GDPR, chomh maith le rialuithe airgeadais inmheánacha agus oibriúcháin.

Tagann an ARMRC le chéile ar bhonn rialta leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí, lena n-áirítear tuarascáil a chur le chéile ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn an ARMRC chuig an mBord ar bhonn rialta. Cuireann an ARMRC tuarascáil ar an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh don bhliain faoi bhráid an Bhoird ar bhonn bliantúil.

Tá comhaontú déanta idir an ARMRC agus Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh na ETBanna (IAU) maidir le hionchur SOLAS le Plean Iniúchta an IAU agus ar thuarascálacha iniúchta ón IAU a rinneadh ar chaiteachas Breisoidheachais agus Oiliúna.

Creat Riosca agus Rialaithe

Is é an Coiste Feidhmiúcháin um Bainistíocht Riosca i SOLAS, a bhfuil na Stiúrthóirí Feidhmeannacha go léir ina gcomhaltaí air agus a dhéanann an Priomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach cathaoirleacht air, a dhéanann na próisis bhainistíochta riosca laistigh de SOLAS a chur chun cinn agus a stiúradh. Chun cuidiú leis an bpróiseas seo, tá Stiúrthóir ceaptha ag Solas le bheith an Comhordaitheoir Riosca. Tá an Comhordaitheoir Riosca freagrach as tacaíocht a thabhairt d'obair an Choiste um Bainistíocht Riosca agus as tuarascálacha a ullmhú don Choiste um Athbhreithniú Iniúchta agus Bainistíochta Riosca (ARMRC). Déanann an Bord agus an ARMRC maoirseacht agus athbhreithniú neamhspleách ar a éifeachtaí atá an córas bainistíochta riosca i SOLAS.

Cuireadh próiseas foirmiúil ar bun chun rioscaí gnó a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an bpróiseas sin

- rioscaí a shainaithint;
- measúnacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh siad;
- measúnacht ar impleachtaí airgeadais nó ar impleachtaí de chineálacha eile;
- na rialuithe agus na tosca maolaitheacha a shainaithint;
- clár riosca corparáideach a chothabháil;
- pleananna chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú;
- monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus tuairisc a thabhairt air;

- athbhreithniú ar riosca ar bhonn leanúnach ag an mbainistíocht agus ar bhonn foirmiúil ag an ARMRC faoi dhó sa bhliain ar a laghad; agus
- príomhrioscaí ag an aonad gnó a ailiniú le pleananna gnó bliantúil.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- línte soiléire cuntasachta a chinntiú don bhainistíocht;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú, trí bhithin feidhmeanna éagsúla coiste, chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- nósanna imeachta a bhunú chun laigi suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí;
- cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus clói leis;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Bhoird,
- deimhniú go n-áirítear leis an timpeallacht rialuithe ARMRC gníomhach, feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, an tuarascáil mhiosúil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Bhord agus an cur i láthair míosúil maidir le gníomhaíocht agus le torthaí airgeadais sa mhí reatha agus sa bhliain go dtí seo.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise rialta bainistíochta, ar bheartais agus ar nósanna imeachta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- príomhrioscaí a shainaithint agus rialuithe lena mbaineann a chur i bhfeidhm agus monatóireacht leanúnach ar an oibriocht nuair a tuairiscíodh aon easpaí do Choiste Feidhmiúcháin um Bainistíocht Riosca i SOLAS nó do ARMRC;
- córas cuimsitheach buiséadaithe lena ngabhann buiséad bliantúil, rud a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú. Bíonn próiseas an- mhionsonraithe pleanála gnó i gceist leis an gcóras sin;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

- athbhreithniú ón mBord ar Thuarascálacha Airgeadais míosúla agus bliantúla ina léirítear gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an mbuiséad;
- nósanna imeachta bunaithe maidir le soláthar faoina gceannaítear earraí agus seirbhísí de réir ceanglais soláthair AE agus ceanglais náisiúnta soláthair;
- aon iarraidh ar thaisteal thar lear a bheith faoi réir cheadú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, nó ina chás, ag an gCathaoirleach.
- nósanna imeachta maidir le hinfheistíocht caipitil a rialú atá ag teacht leis na Treoirínte maidir le Tograí Caiteachais Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí Feabhra 2005;
- Téarmaí agus Coinníollacha an chistiúcháin atá i bhfeidhm do gach Bord Oideachais agus Oiliúna, doiciméad paraiméadar ina leagtar amach an próiseas pleanála gnó, lena n-áirítear cuspóirí do gach bliain agus plean cuimsitheach seirbhíse gnó a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain; agus
- Tá Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha déanta ag SOLAS leis na BOOanna go léir a chlúdaíonn an tréimhse trí bliana 2018-2020 lena n-áirítear na spriocanna atá bonnaithe ar bhonn náisiúnta.

An Soláthar

Dearbhaimid go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a áirithiú go gcomhlíontar le rialacha agus treoirínte soláthair reatha arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Le linn 2018 tabhaíodh caiteachas de €405,639 le ceithre conarthaí soláthair ar tugadh chun críche iad in 2017 agus ar tuairiscíodh iad le bheith neamh-chomhlíontach i gcuntais 2017. Cuireadh conarthaí i bhfeidhm le haghaidh na soláthair sin in 2018 anois tá SOLAS go huile is go hiomlán comhlíontach maidir leis an soláthar.

Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Is í an obair a dhéanann na daoine seo a leanas a thugann eolas don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Bord ar a éifeachtaí atá an Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais:

- na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin/Bainisteoirí laistigh de SOLAS, ar a bhfuil freagracht as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil;
- Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí;

- an ARMRC, a dhéanann maoirseacht ar obair na feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí; agus
- na nótaí tráchta a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir a sheolann sí chuig an bhfoireann bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile uaithi;
- Phléigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe faoin gCreat um Rialú Inmheánach ar an 25 Aibreán 2019. Bhí an t-athbhreithniú seo dírithe ar thorthaí an Iniúcháireachta Inmheánaí, ar an gClár Rialachais Corparáidigh agus ar dhiúscairtí de shócmhainní seasta.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon sáruithe ábhartha sa rialú inmheánach, i gcaillteanais ábhartha nó i gcalaoisí le linn na bliana.



Patricia Carey

Cathaoirleach Gníomhach,
SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

SOLAS

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018	2017
		€'000	€'000
Ioncam	2	620,700	603,131
Caiteachas			
Costais párolla	5	12,596	11,397
Forchostais	5	6,822	7,304
Costais Oibríochtúla SOLAS		19,418	18,701
Costais Shochar Scoir	5	14,320	15,210
Costais Chláir	6	5,697	7,936
Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	568,718	548,613
Deontais don VSCCS*	7(b)	661	725
Deontais le hEagraíochtaí san earnáil BOO	7(c)	8,742	7,006
Deontais Iomlán		578,121	556,344
Caiteachas Iomlán		617,556	598,191
Farasbarr don Bhliain		3,144	4,940

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.

*Scoileanna Meánscoileanna Deonacha, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Chuimsitheacha

Síniú:



Patricia Carey,
Cathaoirleach Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019



Conor J. Dunne
Príomhoifigeach, Feidhmiúcháin
Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

SOLAS

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018	2017
		€'000	€'000
Farasbarr don Bhliain		3,144	4,940
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Chomaoín um Shocair/ (Dochair) Scoir		45,066	7,340
Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir larchurtha		(45,066)	(7,340)
Farasbarr Iomlán Tuairiscithe don bhliain		3,144	4,940

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.

Sinithe:



Patricia Carey,
Cathaoirleach Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019



Conor J. Dunne
Príomhoifigeach, Feidhmiúcháin
Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

SOLAS

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018		2017	
		Amhail an 31 Nollaig 2018		Amhail an 31 Nollaig 2017	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Neamhreatha					
Maoín, Gléasra & Trealamh	8		911		739
Sócmhainní Reatha					
An Fardal	9	7		7	
Suimeanna Infhála	10	1,271		770	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		3,325		5,810	
		4,603		6,587	
Suimeanna dlite taobh laistigh d'aon bhliain amháin:					
Suimeanna Iníoctha	11	(1,207)		(1,431)	
Glansócmhainní Reatha			3,396		5,156
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanaís Reatha roimh Chomaoín um shocair scoir			4,307		5,895
Comaoín um shocair scoir SOLAS	13 (i)(b)	(672,660)		(734,480)	
Maoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha	13 (i)(b)	672,660	0	734,480	0
Sócmhainní Iomlán			4,307		5,895
Caipiteal agus Cúltaisce					
Cúlchiste Caipitil		911		739	
Cuntas Caipitil		230	1,141	194	933
Cúlchiste Ioncaim			3,166		4,962
			4,307		5,895

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.

Sinithe:



Patricia Carey,
Cathaoirleach Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019



Conor J. Dunne
Príomhoifigeach, Feidhmiúcháin
Gníomhach, SOLAS

Dáta: 3 Bealtaine 2019

SOLAS

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018	2017
		€'000	€'000
Sreabhadh Airgid ó Oibriúcháin Ghníomhartha			
Farasbarr don Bhliain		3,144	4,940
Ús Íoctha/(Faighte)		43	19
Aisiocaíocht leis an Roinn Oideachais & Scileanna		(4,940)	(9,450)
Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid			
(Méadú)/Lagdú san fhardal	9	0	2
(Méadú)/Lagdú ar infháltais	10	(501)	463
Méadú/(Lagdú) i Suimeanna Iníoctha	11	(224)	(229)
Glan-Insreabhadh/(As-sreabhadh) Airgid ó Oibriúcháin Ghníomhartha		(2,478)	(4,255)
Sreafaí Airgid ó Oibriúcháin Infheistithe			
Fáltais ó Dhiol Sócmhainní Seasta		17	0
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Shealbhú	8	(441)	(89)
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	6,000	3,000
Deontais Chaipitil do BOOanna	7(a)	(5,524)	(2,885)
Aisiocaíocht leis an Roinn Oideachais & Scileanna		(17)	0
Coigeartú le haghaidh slánúcháin		1	0
Sreabhadh airgid ó Oibriúcháin Maoinithe			
Ús (Íoctha)/Faighte		(43)	(19)
Méadú/(laghdú) in airgid tirim nó a chomhluach sa bhliain		(2,485)	(4,248)
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid ag tús na Bliana		5,810	10,058
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid ag deireadh na Bliana		3,325	5,810

Is cuid dhilis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.

Tuairiscítear an farasbarr tar éis d'Dhimheas agus d'Amúchadh an Deontais Chaipitil a bheith curtha san áireamh.

SOLAS

Ráiteas ar Athruithe sa Chúlchiste agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

		Ioncam Reatha	Caipiteal	Caipiteal	Iomlán
	Nóta	Cúltaisí	Cuntas	Cúltaisí	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016		9,472	168	1,005	10,645
Farasbarr don Bhliain		4,940	0	0	4,940
Aisiocaíocht i leith treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna.		(9,450)	0	0	(9,450)
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	0	3,000	0	3,000
Deontais Chaipitil do BOOanna	7(a)	0	(2,885)	0	(2,885)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Shealbhú	8	0	(89)	89	0
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(355)	(355)
Sochair Scoir					
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Chomaoín um Shocair/(Dochair) Scoir	13(i) (e)	7,340	0	0	7,340
Coigeartú ar Chistiú ón Státchiste um Shocair Scoir larchurtha		(7,340)	0	0	(7,340)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017		4,962	194	739	5,895
Farasbarr don Bhliain		3,144	0	0	3,144
Aisiocaíocht i leith treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna.		(4,940)	(17)	0	(4,957)
Díoladh an Sócmhainn don Údarás Ard-Oideachais *		0	17	(17)	0
Deontais Chaipitil a Fuarthas	3	0	6,000	0	6,000
Deontais Chaipitil do BOOanna	7(a)	0	(5,524)	0	(5,524)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Shealbhú	8	0	(441)	441	0
Athluacháil Sócmhainní		0	0	35	35
Coigeartú le haghaidh slánúcháin		0	1	0	1
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(287)	(287)
Sochair Scoir					
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Chomaoín um Shocair/(Dochair) Scoir	13(i) (e)	45,066	0	0	45,066
Coigeartú ar Chistiú ón Státchiste um Shocair Scoir larchurtha		(45,066)	0	0	(45,066)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018		3,166	230	911	4,307

Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo iad nótaí 1 go 19.

* D'aistríodh carr an Iar-POF a sholáthair SOLAS chuig an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) nuair a chuaigh sé ann ar iasacht. D'ioc an tÚdarás um Ard-Oideachas glanluach an charr de réir na leabhar le SOLAS agus ina dhiaidh sin rinneadh an tsuim sin a athchistiú don Roinn Oideachais agus Scileanna.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Beartas Chuntasaíochta

Tá bonn na bpolasaithe cuntasaíochta suntasacha a bhfuil SOLAS tar éis ghlacadh leo de réir mar atá leagtha amach thíos.

Bunaíocht SOLAS

Bunaíodh SOLAS an 27 Deireadh Fómhair 2013 de réir an Achta Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Sna ráitis airgeadais seo, leagtar amach torthaí SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus tugtar figiúirí comparáideacha don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

Tá feidhmeanna SOLAS leagtha amach in ailt 7 go dtí 9 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais SOLAS.

An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún mionathraithe an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 i bhfoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Ach amháin mar atá luaite thíos, ullmhíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhraithe na cuntasaíochta agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú lena dtugtar léargas fírinneach cóir ná na caighdeáin sin arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

De réir Chiorclán 21/2015 maidir le FRS 102 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus an Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil. Ina theannta sin, is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad nótaí 1 go 19.

Maoín, Gléasra & Trealamh

Caipitliú

Luaitear Maoín, Gléasra agus Trealamh de réir costas stairiúil lúide dímhéas carntha agus soláthairtí do bhearnú. Tuairiscítear an Talamh de réir an luacha athluacháilte.

Tá costas na sócmhainne comhdhéanta de luach ceannaigh na sócmhainne móide aon chostais is inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a ullmhú dá húsáid bheartaithe.

I gcás daingneán agus feisteas a bhfuil a luach faoi bhun na tairisí caipitlithe, muirearaítear iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh. Is é €1,000, CBL san áireamh, suim na tairisí caipitlithe. Déantar gach cineál trealamh ríomhaireachta a chaipitliú beag beann ar a luach.

Dímhéas

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímhéas chun costas bunaidh na sócmhainne nó suim athluacháilte na sócmhainne lúide luach iarmharach measta na sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré eacnamaíoch úsáideach mheasta:

- Talamh – Neamhni
- Feabhsúcháin ar Fhoirgnimh ar Léas (thar théarma an léasa).
- Trealamh agus Trosacán – 5 bliana (20%)
- Ríomhairí agus trealamh eile ríomhaireachta – 3 bliana nó 5 bliana (33 1/3% nó 20%)

Ní dhéantar aon soláthar do dhímhéas i dtaca le talamh ruilse. Is le haistriú ón gCúlchiste Caipitil a mheaitseáiltear dímhéas ar shócmhainní caipitil.

Déantar luach anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú i gcomhair bearnaithe sa chás go dtugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlánluacha in-aisghabhála.

Cúlchiste Caipitil

Is ionann an cúlchiste caipitil agus an ghlansuim a chaitear ar shócmhainní inláimhsithe. Maoinitear é le Deontais ón Státchiste. Is chuig ioncam a amúchtar na deontais sin thar shaolré ionchasach na sócmhainní de réir dímhéasa, bearnú sócmhainní inláimhsithe agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

Fardal

Luaitear fardal de réir costais lúide díluachálacha cui i gcomhair laghdú ar luach. Is ionann an costas agus praghas sonraisc na n-earraí.

Airgead Tirim

I gcás na ráiteas faoi shreabhadh airgid, is é is airgead tirim ann airgead ar láimh agus taiscí atá iníoctha ar éileamh.

Soláthar

Aithnítear soláthar sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais sa chás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe ar SOLAS agus gur dóigh go mbeadh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

Ioncam Reatha

Cistiú Stáit

Tugtar cuntas i leith deontais reatha agus deontais chaipitil ar bhonn airgid thirim. I gcás deontas caipitil atá ar áireamh i gcúlchistí caipitil, aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré ionchasach na sócmhainní de réir dímhéasa, bearnú sócmhainní inláimhsithe agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

I gcás barrachais a tháinig chun cinn i mblianta roimhe, tugtar iad ar aghaidh go dtí an bhliain reatha le comhaontú na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ina dhiaidh sin, aisíoctar iad go hiomlán nó go páirteach leis an Roinn sa bhliain reatha nuair a iarrtar iad.

Ioncam Eile

Go ginearálta, déantar cuntas ar ioncam eile ar bhonn airgid a fuarthas ach amháin i gcás ina n-eisítear sonraisc. Sa chás seo, déantar cuntas ar ioncam mar shonrasc.

Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmiúil

Cuirtear na míreanna atá ar áireamh sna ráitis airgeadais i láthair in Euro, airgeadra na comhthimpeallacha eacnamaíche ina bhfeidhmíonn SOLAS (an "tAirgeadra Feidhmiúil").

I gcás idirbheart a rinneadh in airgeadra eachtrach le linn na tréimhse, aistríodh iad de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. I gcás sócmhainní agus dliteanas atá ainmnithe in airgeadra

eachtrach, aistrítear iad go Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. Is sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais a phléitear leis an mbrabús nó leis an gcaiteachas a thagann as sin.

Deontais

Is ar bhonn airgid thirim a thugtar cuntas i leith deontais reatha agus deontais chaipitil a íoctar le Boird Oideachais agus Oiliúna, le Scoileanna Deonacha, le Scoileanna Pobail agus le Meánscoileanna, agus le raon gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile chun críocha Breisoideachais agus Oiliúna. Tá sé sin ag teacht leis an dóigh a dtugann SOLAS cuntas i leith cistiú ón Stát.

Deontais Chaipitil le Boird Oideachais agus Oiliúna

Tá cuntas ar Dheontais Chaipitil a íocadh amach le Boird Oideachais agus Oiliúna sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas. Scaoiltear ioncam ón gCuntas Caipitil chun deontais den sórt sin a mhaoiniú.

Drochfhiacha

Nochtar féichiúnaithe de réir shuim an tsonrais bhunaidh lúide liúntas le haghaidh fiach a bhfuil baol ann nach n-iocfar iad. Déantar soláthar do dhrochfhiacha sa chás go bhfuil fianaise neodrach ann nach mbeidh SOLAS in ann na fiacha lena mbaineann a bhailiú. Ar a n-aithint, díscríobhtar drochfhiacha chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Léasú

I gcás cíosanna a bhaineann le léasanna oibriúcháin, muirearaítear iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid cothrom thar théarma an léasa. Níl aon léasanna airgeadais i bhfeidhm. Baineann na léasanna oibriúcháin le foirgnimh atá á n-áitiú ag SOLAS.

Cásanna Dlí

Aithnítear costais dlí sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad, lena n-áirítear costais a bhaineann le cásanna oidhreacht a raibh FÁS ina pháirtí iontu. Sa chás go meastar gur dóigh go dtiocfadh ar shocraíocht sa chás agus gur féidir costas na socraíochta a thomhas go hiontaofa, déantar soláthar don mheastachán is fearr ón mBord ar an gcostas lena mbaineann.

Sochair Scoir

Tá dhá scéim sochar scoir oidhreachta a fheidhmíonn SOLAS iad, is iad sin:

- Scéim sochair shainithe lena soláthraítear sochair scoir d'iarfhostaithe de chuid AnCO. Dúnadh an scéim sin do bhaill nua an 1 Eanáir 1988. An 31 Nollaig 2009, aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Déantar ranníocaíochtaí ó SOLAS agus ó bhaill foirne sa scéim seo a íoc leis an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain.
- Scéim neamhchistithe sochair shainithe a n-íoctar a sochair as an gcistiú a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil gach bliain. Déantar ranníocaíochtaí ó bhaill foirne sa scéim seo a íoc leis an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain.

Is ionann na costais sochar scoir agus na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is in-aisghabhála ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is ionann cistiú iarchurtha sochar scoir agus an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

- Chomh maithe leis sin, déanann SOLAS an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) a fheidhmiú, gur scéim phinsin shochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoctar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Meastacháin agus Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar an dóigh a gcuirtear beartais i bhfeidhm agus ar shuímeanna na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas atá tuairiscithe. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta

sna himthosca. Tá na torthaí orthu ar an mbunús do bhreithiúnais a dhéanamh ar luachanna anonn sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsi eile. D'fhéadfadh na torthaí iarbhir bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar réamh-mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse inar leasaíodh an meastachán sa chás nach dtéann an leasú i bhfeidhm ach ar an tréimhse sin. Is i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo a aithnítear an leasú sa chás go dtéann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse reatha agus ar thréimhsí amach anseo araon. Áirítear iad seo a leanas le réimsí lena mbaineann méid mór breithiúnais nó castachta nó le réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin tábhachtach ó thaobh na ráiteas airgeadais de:

Bearnúchán Maoine, Gléasra agus Treailaimh

Déantar luachanna anonn talún agus foirgneamh agus míreanna treailaimh agus troscáin a athbhreithniú i gcomhair comharthaí bearnaithe ag gach dáta tuairiscithe agus cuirtear iad faoi réir tástáil bearnaithe sa chás go dtugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

Sa chás gur mó an luach anonn ná an tsuim in-aisghabhála mheasta (agus é níos mó ná an luach cóir lúide costais diúscartha agus luach úsáide), aithnítear caillteanas bearnaithe trí na sócmhainní a dhíluacháil go dtí a suim in-aisghabhála. Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreafaí airgid measta amach anseo a lascainiú de réir a luacha reatha trí leas a bhaint as ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar amluach an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nár coigeartaíodh na réamh-mheastacháin ar shreafaí airgid amach anseo ina leith.

Sa phróiseas tástála bearnaithe, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh ar na sreafaí airgid amach anseo ar dóigh dóibh teacht as úsáid sócmhainní fadsaolacha agus, más infheidhme, as diúscairt sócmhainní fadsaolacha, agus ar thosca eile ar mhaithe le luach cóir na sócmhainní a chinneadh.

Sochair Scoir

I gcás na ndlíteanas agus na gcostas a bhaineann leis na scéimeanna sochair shainithe scoir stairiúla (idir na scéimeanna cistithe agus na scéimeanna neamhchistithe), is iad achtúirí atá cáilithe go cuí a mheasúnaíonn iad bunaithe ar mhodh an aonaid réamh-mheasta. Tagtar orthu trí úsáid a bhaint as toimhdí achtúireacha atá bunaithe ar ionchais mhargaidh ag an dáta tuairiscithe airgeadais. Maidir leis na rátaí lascaine a úsáidtear chun luachanna reatha dhliteanais na scéimeanna a chinneadh, cinntear iad trí thagairt a dhéanamh do thorthaí margaidh ag an dáta tuairiscithe airgeadais ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán lena ngabhann airgeadra agus téarma atá ag teacht le hairgeadra agus le téarma na n-oibleagáidí gaolmhara sochair iarfhostaíochta.

Maidir leis an nglanbharrachas nó leis an nglaneasnamh a thagann as na scéimeanna sochair shainithe scoir, mar aon leis na dliteanais a bhaineann leis na scéimeanna neamhchistithe, léirítear iad laistigh de shócmhainní neamhreacha nó laistigh de dhliteanais neamhreacha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Toimhdeanna

Maidir leis na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treochtaí maidir le rátaí costas cúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinniollacha na bpleananna sochar scoir agus iarscoir.

Is féidir na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí sin:

- (i) I gcás an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán.
- (ii) I gcás leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.
- (iii) I gcás treochtaí maidir le rátaí costas cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

Is leagtha amach i Nóta 13 atá na meántoimhdí achtúireacha ualaithe a chuirtear i bhfeidhm chun dliteanais sochar scoir agus dliteanais eile iarfhostaíochta a chinneadh. Cé go gcreideann an lucht bainistíochta gur cuí atá na toimhdí a úsáideadh, d'fhéadfadh difríochtaí sa taithí iarbhir nó athruithe i dtoimhdí dul i bhfeidhm ar na hoibleagáidí agus ar na speansais a aithneofar i dtréimhsí cuntasáíochta amach anseo. Maidir le sócmhainní agus le dliteanais na scéimeanna pinsean sochair shainithe scoir, d'fhéadfadh go mbeadh luaineacht shuntasach tréimhse ar thréimhse le brath iontu, agus an luaineacht sin is inchurtha go díreach i leith athruithe i dtorthaí bannaí agus i bhfadsaolaí. Mar aon le ranníocaíochtaí seirbhíse amach anseo, d'fhéadfadh go mbeadh ranníocaíochtaí suntasacha airgid ag teastáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun easnaimh sheirbhíse roimhe seo a leigheas.

2 Ioncam

	Nóta	2018	2017
		€'000	€'000
Cistiú ón Stát - Cistiú Neamhchaipitil	3	627,310	612,991
Deontais Chaipitil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna		5,524	2,885
Glanchistiu larchurtha Sochar Scoir	13(i)(c)	(16,754)	(16,810)
Ioncam Eile	4	4,333	3,710
Amúchadh an Deontais Chaipitil - Dimheas	5 & 8	287	355
Ioncam Iomlán		620,700	603,131

3 Cistiú Stáit

	2018	2017
	€'000	€'000
Fuarthas cistiú ón Stát faoi na ceannuidil seo a leanas:		
Cistiú Neamhchaipitil		
Vóta 26 (Fo-mhírchinn B3, B5 & B7) - An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Speansais Riaracháin agus Ghinearálta		
Costais Foirne agus Forchostais (B3)	17,476	17,505
Lúide: Ranníocaíochtaí Sochair Scoir Fostaithe a íocadh leis an Stát	(697)	(650)
Lúide: Ranníocaíochtaí Sochair Scoir Fostóra a íocadh leis an Stát	(142)	(173)
	16,637	16,682
Cláir Oiliúna SOLAS (B3)	4,631	5,758
Deontais Phá don Bhreisoideachas agus Oiliúint (B5)	102,175	97,707
Deontais Neamhphá don Bhreisoideachas agus Oiliúint (B5)	190,475	163,128
Cistiú Sochar Scoir (B7)	32,500	33,000
Iomlán Vóta 26 - An Roinn Oideachais agus Scileanna	346,418	316,275

3 Maoiniú Stáit (ar leanúint)

	2018	2017
	€'000	€'000
Oireachtas - Eile		
An Ciste Náisiúnta Oiliúna †	280,892	296,716
Iomlán an Chistiúcháin ón Stát - Cistiú Neamhchaipitil #	627,310	612,991
Caipiteal		
Vóta 26 (Fo-mhírchinn B3.1 & B5.3) - An Roinn Oideachais agus Scileanna	6,000	3,000
Iomlán an Chistiúcháin ón Stát - Cistiú Caipitil	6,000	3,000
Cistiú Stáit Iomlán	633,310	615,991

† Fuarthas suim de €280.892m (2017 : €296.716m) ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le linn na bliana. Úsáideadh na cistí sin chun raon Clár Breisoideachais agus Oiliúna a mhaoiniú go páirteach do dhaoine fostaithe agus do dhaoine dífhostaithe araon, lena áiríodh cúrsaí Printíseachta, cúrsaí Oiliúna Scileanna, Cúrsaí Oiliúna, Cúrsaí Bonnleibhéil/ Nasc-Chúrsaí, cúrsaí Bonnleibhéil / Dul Chun Cinn in Ionaid Oiliúna Pobail, Soláthraithe Sainoiliúna, an Ciste um Oideachas Bunúsach san Áit Oibre agus an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais.

Tá Cistiú Neamhchaipitil ón Stát tuairiscithe glan ó bharrachas €7.2m a aisghabhadh ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Bhain an bharrachas sin le blianta roimhe. Murab ann don aisbhabháil sin, bheadh an Cistiú Neamhchaipitil ón Stát do ghníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna in 2018 cothrom le €634.6m agus bheadh an t-ioncam iomlán cothrom le €627.9m sa bhliain 2018.

Áirítear le cistiú ón Stát airleacain a fuarthas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú nuair is iomchuí. Ar aon dul le Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinne SOLAS aisíocaíocht €4.940m leis le linn na bliana 2018 ar iarraidh ón Roinn sin.

4 Ioncam Eile

	2018	2017
	€'000	€'000
Gníomhaíochtaí Tógála	4,155	3,516
Ioncam Ilghnéitheach	178	194
Iomlán	4,333	3,710

5 Costais Phárolla, Costais Sochar Scoir agus Forchostais

		2018	2017
	Nóta	€'000	€'000
Costais Párolla			
An POF, an Chumarsáid agus an Rúnaíocht		643	653
An Straitéis & an Eolas		3,083	2,545
Forbairt Scileanna		3,365	2,970
Tógáil		919	829
Acmhainní		4,586	4,400
Costas Párolla Iomlán *		12,596	11,397
Costais Shochar Scoir Iomlán	13(i)(a)	14,320	15,210
Forchostais			
Taisteal & Cothabháil †		342	292
Oiliúint Foirne & Forbairt Foirne		150	136
Dímheas	8	287	355
Costais Bunaíochta		2,498	2,509
Costais Forbartha Cláir		265	253
Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide		1,620	1,594
Árachas & Timpistí		495	328
